II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/938 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Iúil 2022

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais maidir le catalóg na sonraí aerloingseoireachta agus foilseachán faisnéise aerloingseoireachta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 43(1), pointí (a) agus (f), agus Airteagal 62(15), pointí (a) agus (c), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún ([2]) ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta (BAT/SAL) agus feidhmeanna líonra bainistithe aerthráchta eile maidir le haerthrácht ginearálta agus maoirseacht ina leith.

(2) An 8 Meitheamh 2020, ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) Leasú 1 ar na Nósanna Imeachta maidir le Seirbhísí Aerloingseoireachta — Bainistiú Faisnéise Aerloingseoireachta (PANS-AIM, Doc 10066), lena dtugtar isteach forálacha nua maidir le hábhar agus struchtúr an fhoilseacháin faisnéise aerloingseoireachta (AIP) agus chatalóg na sonraí aerloingseoireachta, atá infheidhme i Stáit Chonarthacha ICAO ón 4 Samhain 2021. Ba cheart na forálacha sin a léiriú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373, agus go háirithe sna ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí a leagtar amach in Iarscríbhinn III (Cuid-ATM/ANS.OR) agus sna ceanglais shonracha le haghaidh soláthraithe seirbhísí faisnéise aerloingseoireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (Cuid-AIS) a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(3) Ceann de na heilimintí is gá le haghaidh chur chun feidhme choincheap na n-oibríochtaí uile-aimsire, a tugadh isteach le Rialacháin (AE) Uimh. 965/2012 ([3]) agus (AE) Uimh. 139/2014 ([4]) ón gCoimisiún, is ea infhaighteacht faisnéise ábhartha a bhaineann le haeradróim san fhoilseachán faisnéise aerloingseoireachta, faisnéis a chuirtear i láthair ar bhealach caighdeánaithe. Le struchtúr agus le hábhar codanna áirithe den fhoilseachán faisnéise aerloingseoireachta atá ann faoi láthair, léirítear seanfhorálacha Iarscríbhinn 14 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, a síníodh in Chicago an 7 Nollaig 1944 ("Coinbhinsiún Chicago") maidir le tomhas ar fhrithchuimilt, agus ar an gcaoi sin gan foráil a dhéanamh maidir le fógairt na faisnéise aerloingseoireachta is gá le haghaidh chur chun feidhme fhormáid dhomhanda tuairiscithe ICAO tríd an bhfoilseachán faisnéise aerloingseoireachta. Dá bhrí sin, na forálacha maidir le struchtúr agus ábhar an fhoilseacháin faisnéise aerloingseoireachta, a leagtar amach in Iarscríbhinn VI (Cuid-AIS) a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373, ba cheart iad a leasú.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna líonra eile a bhaineann le bainistiú agus maoirseacht an aerthráchta, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) Uimh. 1035/2011 agus Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 965/2012 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2012 lena leagtar síos ceanglais theicniúla agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le hoibríochtaí aeir de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 296, 25.10.2012, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014. lch. 1).

(4) Na sainmhínithe a bhaineann le coincheap na n-oibríochtaí uile-aimsire, a leagtar amach in Iarscríbhinn I (Sainmhínithe) a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373, ba cheart iad a leasú chun comhsheasmhacht leis na sainmhínithe sin atá i Rialacháin (AE) Uimh. 965/2012 agus (AE) Uimh. 139/2014 a áirithiú. Thairis sin, chun a áirithiú go n-eiseofar SNOWTAManna faoi na dálaí oibríochtúla uile is gá, ba cheart an sainmhíniú ar SNOWTAM atá in Iarscríbhinn I (Sainmhínithe) a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 a leasú ar bhealach a bheadh comhsheasmhach leis an sainmhíniú a leagtar amach in Iarscríbhinn 15 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago agus leis an sainmhíniú a leagtar amach in Rialachán (AE) Uimh. 139/2014.

(5) Faoi na treoracha atá ann faoi láthair chun formáid SNOWTAM a chomhlánú, ní féidir SNOWTAM a eisiúint faoi dhálaí oibríochtúla áirithe rúidbhealaigh, rud a dhéanfaidh difear do chur chun feidhme ceart na formáide domhanda tuairiscithe le haghaidh staid dromchla an rúidbhealaigh. Dá bhrí sin, ba cheart na treoracha sin, a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373, a leasú ar mhaithe leis an gcomhsheasmhacht le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2017/373 a leasú dá réir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le Tuairim Uimh. 03/2022 ó Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste arna bhunú le hAirteagal 127 de Rialachán (AE) 2018/1139,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinní I, III agus VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/373 i gcomhréir le hIarscríbhinní I, II agus III a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil an 26 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) cuirtear an pointe (38a) seo a leanas isteach:

"(38a) ciallaíonn 'gnáthbhealach loingseoireachta' bealach ATS a bhunaítear faoi threoir áiseanna loingseoireachta talún;";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (206):

"(206) ciallaíonn 'oibríochtaí drochléargais (LVOnna)' oibríochtaí ascnaimh nó éirí de thalamh ar rúidbhealach ag a bhfuil raon radhairc an rúidbhealaigh (RVR) níos lú ná 550 m aige nó ag a bhfuil airde tráth cinnidh (DH) atá níos lú ná 200 troigh;";

(3) cuirtear an pointe (206a) seo a leanas isteach:

"(206a) ciallaíonn 'nósanna imeachta maidir le drochléargas' nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm in aeradróm d'fhonn sábháilteacht a áirithiú le linn oibríochtaí faoi choinníollacha drochléargais;";

(4) cuirtear an pointe (212a) seo a leanas isteach:

"(212a) ciallaíonn 'oibríocht le creidmheasanna oibríochtúla' oibríocht ina n-úsáidtear aerárthach sonrach nó trealamh sonrach talún, nó meascán d'aerárthaí agus de threalamh talún lena gceadaítear aon cheann de na heilimintí seo a leanas:

(a) cur i bhfeidhm íosdálaí oibriúcháin aeradróim atá faoi bhun na ngnáthchaighdeán le haghaidh aicme oibríochta áirithe;

(b) is féidir ceanglais léargais a chomhlíonadh nó a laghdú;

(c) tá níos lú saoráidí talún ag teastáil;";

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (231):

"(231) ciallaíonn 'SNOWTAM' NOTAM de shraith speisialta, a thugtar i bhformáid chaighdeánach, a sholáthraíonn tuarascáil staide dromchla lena dtugtar fógra go bhfuil dálaí guaiseacha ann de dheasca sneachta, oighir, praiseach sneachta, seaca, uisce bodhar nó uisce a bhaineann le sneachta, praiseach sneachta, oighear nó sioc ar an limistéar gluaiseachtaí, nó lena dtugtar fógra nach bhfuil na dálaí sin ann a thuilleadh;".

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Foscríbhinn 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) Tábla 1 Cuirtear an méid seo a leanas in ionad na sonraí aeradróim:

"1. **Sonraí aeradróim**

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Aeradróm/ Héileaport				Limistéar sainithe atá ar thalamh nó ar uisce (lena n-áirítear aon fhoirgnimh, suiteálacha agus trealamh) a bheartaítear a úsáid i bpáirt nó ina iomlán maidir le teacht, imeacht agus gluaiseacht ar an dromchla aerárthaí.						
	Sainitheoir			Sainitheoir an aeradróim/ héileaport						
		Táscaire suímh ICAO	Téacs	Táscaire suímh ICAO ceithre litir an aeradróim/an chríochfoirt, mar a liostaítear é in ICAO 7910 'Táscairí suímh'	Más ann					
		Sainitheoir IATA	Téacs	An t-aitheantóir a shanntar do shuíomh i gcomhréir le rialacha IATA (Rún 767)	Más ann					
		Eile	Téacs	Aitheantóir aerfoirt atá sainithe go háitiúil, sa chás nach táscaire suímh ICAO é						
	Ainm		Téacs	Príomhainm oifigiúil aeradróim mar atá ainmnithe ag an údarás inniúil						
	an chathair ar a bhfreastalaítear		Téacs	Ainm iomlán (saorthéacs) na cathrach nó an bhaile, ar a bhfuil an t-aeradróm/ héileaport ag freastail						
	An cineál tráchta atá ceadaithe									

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Idirnáisiúnta/ náisiúnta	Liosta na gCód	Léiriú maidir le cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear eitiltí idirnáisiúnta agus/nó náisiúnta ag an aeradróm/ héileaport						
		Rialacha um eitilt de réir uirlisí (IFR)/Rialacha amharceitilte (VFR)	Liosta na gCód	Léiriú maidir le cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear eitiltí IFR agus/nó VFR ag an aeradróm/ héileaport						
		Sceidealta/ neamh-sceidealta	Liosta na gCód	Léiriú maidir le cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear eitiltí sceidealta agus/nó eitiltí neamhsceidealta ag an aeradróm/ héileaport						
		Sibhialta/ míleata	Liosta na gCód	Léiriú maidir le cé acu a cheadaítear nó nach gceadaítear eitlíocht tráchtála shibhialta agus/nó eitlíocht ghinearálta agus/nó eitiltí míleata ag an aeradróm/ héileaport						
		Úsáid shrianta	Téacs	Léiriú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil aeradróm nó héileaport ar oscailt don phobal (lena úsáid ag na húinéirí amháin)						
	Cineál héileapoirt		Téacs	An cineál héileapoirt (leibhéal dromchla, ardaithe, bord loinge nó deic héileacaptar)						
	An cineál rialaithe		Téacs	Léiriú an bhfuil aeradróm faoi rialú sibhialta, faoi rialú míleata nó faoi rialú comhpháirteach						
	Deimhnithe		Téacs	Léiriú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil aeradróm deimhnithe i gcomhréir le rialacha ICAO nó le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014						
	An dáta deimhniúcháin		Dáta	An dáta a d'eisigh an t-údarás inniúil deimhniú aerfoirt						
	Dáta éaga an deimhnithe		Dáta	An dáta a bheidh deimhniú an aeradróim neamhbhailí						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Ingearchló an láithreáin									
		Ingearchló	Ingearchló	An t-achar ingearach os cionn mheánleibhéal na mara (MSM) ón bpointe is airde den limistéar tuirlingthe		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m nó 1 troigh
		Droimneacht gheoide	Airde	An droimneacht gheoide ag suíomh ingearchló an aeradróim/an héileapoirt	I áit arb iomchuí	0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m nó 1 troigh
	Teocht tagartha		Luach	Meán míosúil na dteochtaí uasta laethúla le haghaidh na míosa is teo den bhliain ag aeradróm; ní mór an teocht sin a mheánú thar thréimhse blianta.						
	Meánteocht íseal		Luach	An mheánteocht is ísle den mhí is fuaire sa bhliain, do na cúig bliana deireanacha de shonraí ag airde an aeradróim		5 chéim				
	Comhathrú maighnéadach			An difríocht uilleach idir an treo fíor ó thuaidh agus treo maighnéadach ó thuaidh						
		Uillinn	Uillinn	Luach uillinne an chomhathraithe mhaighnéadaigh		1 chéim	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 chéim	1 chéim
		Dáta	Dáta	An dáta a raibh an luach comhfhreagrach ag an gcomhathrú maighnéadach						
		Athrú bliantúil	Luach	Ráta bliantúil an athraithe ar an gcomhathrú maighnéadach						
	Pointe tagartha			Suíomh geografach ainmnithe aeradróim						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach an phointe tagartha aeradróim		30 m	Gnáthamh	Trí bhíthin suirbhéireachta Trí bhíthin ríomha	1 shoicind	1 shoicind
		Láithreán	Téacs	Suíomh an phointe tagartha ar an aeradróm						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Treo	Téacs	Treo an phointe tagartha aeradróim ó lár na cathrach nó an bhaile a bhfreastalaíonn an t-aeradróm air						
		Achar	Achar	Fad an phointe tagartha aeradróim ó lár na cathrach nó an bhaile a bhfreastalaíonn an t-aeradróm air						
Táscaire threo an tuirlingthe				Gaireas chun an treo atá ainmnithe faoi láthair le haghaidh tuirlingthe agus éirí de thalamh a léiriú ó amharc						
	Suíomh		Téacs	Suíomh tháscaire threo an tuirlingthe						
	Soilsiú		Téacs	Soilsiú tháscaire threo an tuirlingthe	Más ann					
Soláthar cumhachta tánaisteach										
	Saintréithe		Téacs	Tuairisc ar an soláthar cumhachta tánaistí						
	Am le haghaidh an athraithe		Luach	Am le haghaidh an athraithe chuig an soláthar tánaisteach cumhachta						
Ainéim-iméadar				Gaireas a úsáidtear chun luas na gaoithe a thomhas						
	Suíomh		Téacs	Suíomh an animeaiméadair						
	Soilsiú		Téacs	Soilsiú an ainéimiméadair	Más ann					
Rabhchán aeradróim/ rabhchán sainaitheantais				Rabhchán aeradróim/rabhchán sainaitheantais a úsáidtear chun suíomh aeradróim ón aer a léiriú						
	Suíomh		Téacs	Suíomh an rabhcháin aeradróim/an rabhcháin sainaitheantais	Más ann					

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Saintréithe		Téacs	Tuairisc ar an rabhchán aeradróim/an rabhchán sainaitheantais						
	Uaireanta oibriúcháin		Sceideal	Uaireanta oibriúcháin an rabhcháin aeradróim/an rabhcháin sainaitheantais						
Táscaire threo na gaoithe										
	Suíomh		Téacs	Suíomh tháscaire threo na gaoithe						
	Soilsiú		Téacs	Soilsiú tháscaire threo na gaoithe						
Láithreán breath-nóireachta raoin radhairc an rúid-bhealaigh (RVR)				Láithreán breathnóireachta RVR						
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach suíomhanna breathnóireachta RVR						
Limistéar ina n-úsáidtear minicíocht				An chuid ainmnithe de limistéar gluaiseachtaí dromchla ina gceanglaíonn ATC nó rialú talún minicíocht shonrach						
	Stáisiún		Téacs	Ainm an stáisiúin a sholáthraíonn an tseirbhís						
	Minicíocht		Luach	Minicíocht an stáisiúin a sholáthraíonn an tseirbhís						
	Teorainn		Polagán	Teorainn limistéir an limistéir minicíochta						
Teophointe				Suíomh ar limistéar gluaiseachtaí aeradróim ar ar tharla imbhualadh tabhú rúidbhealaigh cheana, nó lena mbaineann riosca go bhféadfadh sin tarlú agus a bhfuil gá le haird mhéadaithe píolótaí/tiománaithe ina leith						
	Aitheantóir		Téacs	Aitheantóir an teophointe						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Nóta mínithe		Téacs	Faisnéis bhreise faoin teophointe						
	Geoiméad-racht		Polagán	Limistéar geografach an teophointe						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Rúidbhealach				Limistéar dronuilleogach sainithe ar aeradróm talún arna ullmhú do thuirlingt agus d'éirí de thalamh aerárthaí						
	Sainitheoir		Téacs	Sainitheoir téacsúil iomlán an rúidbhealaigh, a úsáidtear chun an rúidbhealach a shainaithint go huathúil ag aeradróm/héileaport (e.g. 09/27, 02R/20L, RWY 1)						
	Fad ainmniúil		Achar	Fadfhairsinge an rúidbhealaigh a dearbhaíodh maidir le ríomhanna oibríochtúla (feidhmíochta)		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
	Leithead ainmniúil		Achar	Trasfhairsinge an rúidbhealaigh a dearbhaíodh maidir le ríomhanna oibríochtúla (feidhmíochta)		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
	Geoiméad-racht		Polagán	Geoiméadrachtaí eilimint an rúidbhealaigh, limistéar díláithrithe an rúidbhealaigh agus thrasnú an rúidbhealaigh						
	Pointí lárlíne									
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach lárlíne an rúidbhealaigh ag gach ceann den rúidbhealach, ag an stadbhealach agus ag tionscnamh gach limistéir conaire eitilte éirí de thalamh, chomh maith le ag gach athrú suntasach ar fhána an rúidbhealaigh agus an stadbhealaigh	Sainmhíniú ó Iarscríbh-inn 4 3.8.4.2	1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta		

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Ingearchló	Ingearchló	Ingearchló an phointe lárlíne a chomhfhreagraíonn dó. I gcás ascnaimh neamhbheachta, déanfar aon phointe idirmheánach suntasach ard agus íseal feadh an rúidbhealaigh a thomhas go dtí cruinneas aon leathmhéadair nó aon leathtroighe.		0,25 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta		
		Droimneacht gheoide	Airde	An droimneacht gheoide ag an bpointe lárlíne comhfhreagrach						
	Bealach amach an rúid-bhealaigh									
		Líne treorach scoir	Líne	Suíomh geografach líne treorach scoir an rúidbhealaigh		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suirbhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
		Dath	Téacs	Dath bhealach amach an rúidbhealaigh						
		Stíl	Téacs	Stíl bhealach amach an rúidbhealaigh						
		Treoíocht	Liosta na gCód	Treocht bhealach amach an rúidbhealaigh (aontreoch nó déthreoch)						
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dhromchla an rúidbhealaigh						
	Neart									
		Uimhir Aicmithe Phábhála (PCN)	Téacs	PCN						
		Cineál pábhála	Téacs	Cineál pábhála le haghaidh uimhir aicmithe an aerárthaigh – uimhir aicmithe phábhála (ACN-PCN)						
		Catagóir foshraithe	Téacs	Catagóir nirt fhoshraith an bhealaigh innlithe						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Brú is incheadaithe	Téacs	An catagóir uasta is incheadaithe le haghaidh bhrú na mbonn nó an t-uasluach is incheadaithe le haghaidh bhrú na mbonn						
		Modh meas-tóireachta	Téacs	An modh meastóireachta a úsáideadh						
	Stráice			Limistéar sainithe lena n-áirítear an rúidbhealach agus an stadbhealach, más ann dó sin: chun an riosca go ndéanfar damáiste d'aerárthaí atá ag imeacht ón rúidbhealach a laghdú; agus aerárthaí a bheidh ag eitilt os cionn an rúidbhealaigh a chosaint le linn oibríochtaí éirí de thalamh nó oibríochtaí tuirlingthe						
		Fad	Achar	Fadfhairsinge stráice an rúidbhealaigh						
		Leithead	Achar	Trasfhairsinge stráice an rúidbhealaigh						
		Cineál dromchla	Téacs	Cineál dhromchla stráice an rúidbhealaigh						
	Gualainn			Limistéar in aice le ciumhais phábhála, agus é ullmhaithe le limistéar aistrithe a chur ar fáil idir an phábháil agus an dromchla in aice láimhe						
		Geoiméadracht	Polagán	Suíomh geografach ghuaillí an rúidbhealaigh						
		Cineál dromchla	Téacs	Cineál dhromchla ghualainn an rúidbhealaigh						
		Leithead	Achar	Leithead ghualainn an rúidbhealaigh		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	
	Limistéar soinneáin			Dromchla atá sainullmhaithe a cuireadh taobh le ceann an rúidbhealaigh chun deireadh a chur le héifeacht chúlaitheach na bhfórsaí láidre gaoithe arna dtáirgeadh ag eitleáin ag tús a rolla éirí de thalamh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Geoiméadracht	Polagán	Suíomh geografach an limistéir soinneáin						
	Limistéar saor ó chonstaicí		Téacs	Limistéar saor ó chonstaicí a bheith ann le haghaidh ascnamh beachta an rúidbhealaigh de chatagóir I	Nuair a chuirtear ar fáil é					
	Marcáil an rúidbhealaigh									
		Cineál	Téacs	An cineál marcála rúidbhealaigh						
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar mharcáil an rúidbhealaigh						
		Geoiméadracht	Polagán	Suíomh geografach mharcáil an rúidbhealaigh						
	Soilsiú lárlíne an rúidbhealaigh									
		Fad	Achar	Fadfhairsinge shoilse lárlíne an rúidbhealaigh						
		Spásáil	Achar	Spásáil soilse lárlíne na rúidbhealaí						
		Dath	Téacs	Dath shoilse lárlíne an rúidbhealaigh						
		An déine	Téacs	Déine shoilse lárlíne an rúidbhealaigh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse an rúidbhealaigh						
	Soilsiú chiumhais an rúidbhealaigh									
		Fad	Achar	Fadfhairsinge shoilse chiumhais an rúidbhealaigh						
		Spásáil	Achar	Spásáil soilse chiumhais an rúidbhealaigh						
		Dath	Téacs	Dath shoilse chiumhais an rúidbhealaigh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		An déine	Téacs	Déine shoilse chiumhais an rúidbhealaigh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse chiumhais an rúidbhealaigh						
	Cód tagartha			Is é is aidhm don chód tagartha modh simplí a sholáthar chun idirchaidreamh a dhéanamh idir na sonraíochtaí iomadúla maidir le saintréithe aeradróm chun sraith saoráidí aeradróim a sholáthar atá oiriúnach do na heitleáin a bhfuil sé beartaithe iad a oibriú ag an aeradróm.						
		Líon	Liosta na gCód	Uimhir atá bunaithe ar fhad rúidbhealaigh tagartha le haghaidh eitleáin						
		Litir	Liosta na gCód	Litir atá bunaithe ar raon sciatháin agus ar raon príomhrotha fiaclaigh lasmuigh de chuid an eitleáin						
	Srian		Téacs	Tuairisc ar na srianta a fhorchuirtear maidir leis an rúidbhealach						
Treo an rúidbhealaigh										
	Sainitheoir		Téacs	Sainitheoir téacsúil iomlán an treo tuirlingthe agus éirí de thalamh – samplaí: 27, 35L, 01R						
	Treo-uillinn fhíor		Treo-uillinn	Treo-uillinn fhíor an rúidbhealaigh		1/100 céim	Gnáthamh	Trí bhíthin suirbhéireachta	1/100 céim	1 chéim
	Cineál		Téacs	An cineál rúidbhealaigh: beacht (Cat I, II, III)/neamhbheacht/neamhionstraim						
	Tairseach			Tús na coda den rúidbhealach atá inúsáidte le haghaidh tuirlingthe						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach thairseach an rúidbhealaigh		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
		Ingearchló	Ingearchló	Ingearchló thairseach an rúidbhealaigh		Féach Nóta 1				
		Droimneacht gheoide	Airde	Droimneacht gheoide WGS-84 ag suíomh tairseach an rúidbhealaigh		Féach Nóta 2				
		Cineál	Téacs	An táscaire maidir le cé acu atá an tairseach díláithrithe nó nach bhfuil; níl tairseach díláithrithe lonnaithe ag an pointe is faide amach de cheann an rúidbhealaigh						
		Díláithriú	Achar	Achar na tairsí díláithrithe	Má díláithrítear tairseach	1 m	Gnáthamh	Trí bhíthin suirbhéireachta		
	Ceann an rúidbhealaigh			Ceann an rúidbhealaigh (pointe ailínithe chonair eitilte)						
		Suíomh	Pointe	Suíomh cheann an rúidbhealaigh i dtreo imeachta		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
		Ingearchló	Ingearchló	Ingearchló ar shuíomh cheann an rúidbhealaigh		Féach soilse lárlíne an rúidbheal-aigh				
	Ceann imeachta an rúidbhealaigh (DER)			Ceann an limistéir a dearbhaíodh a bheith oiriúnach le haghaidh éirí de thalamh (i.e. ceann an rúidbhealaigh nó, i gcás ina bhfuil glanbhealach ar fáil, ceann an ghlanbhealaigh)	Tús an nós imeachta maidir le himeacht					
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach DER						
		Ingearchló	Ingearchló	Is éard atá in ingearchló DER ingearchló cheann an rúidbhealaigh nó cheann an ghlanbhealaigh, cibé ceann is airde.						
	Crios tadhaill			An chuid den rúidbhealach a sháraíonn an tairseach, an áit a bhfuil sé beartaithe d'eitleáin atá ag tuirlingt teagmháil leis an rúidbhealach ar dtús						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Ingearchló	Ingearchló	An t-ingearchló is airde de chrios tadhaill ascnaimh beachta rúidbhealaigh	Ascnamh beachtais an rúidbheal-aigh	0,25 m nó 0,25 troigh				
		Fána	Luach	Fána chrios tadhaill an rúidbhealaigh						
	Fána		Luach	Fána an rúidbhealaigh						
	Gearr-oibríochtaí talún agus coinneála (LAHSOnna)			LAHSOnna						
		Geoiméadracht	Líne	Suíomh geografach LAHSOnna						
		Eilimint faoi chosaint	Téacs	Ainm an rúidbhealaigh nó an bhealaigh innlithe atá faoi chosaint						
	Limistéar díláithrithe			An chuid den rúidbhealach atá idir tús an rúidbhealaigh agus an tairseach díláithrithe						
		Geoiméadracht	Polagán	Suíomh geografach an limistéir díláithrithe						
		PCN	Téacs	PCN an limistéir díláithrithe						
		Cineál dromchla	Téacs	Cineál dromchla an limistéir díláithrithe						
		Srianadh aerárthaí	Téacs	Srian ar úsáid i gcás cineál sonrach aerárthaigh						
	Stadbhealach			Limistéar dronuilleogach sainithe ar an talamh ag ceann an rúidbhealaigh atá ar fáil son éirí de thalamh, agus é ullmhaithe mar limistéar oiriúnach inar féidir aerárthaí stopadh i gcás éirí de thalamh tobscortha						
		Fad	Achar	Fadfhairsinge an stadbhealaigh	Más ann	1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Leithead	Achar	Leithead an stadbhealaigh		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
		Geoiméadracht	Polagán	Suíomh geografach an stadbhealaigh						
		Fána	Luach	Fána an stadbhealaigh						
		Cineál dromchla	Téacs	Cineál dromchla an stadbhealaigh						
	Glanbhealach			Limistéar dronuilleogach sainithe ar an talamh nó ar an uisce atá faoi rialú an údaráis iomchuí, é roghnaithe nó ullmhaithe mar limistéar oiriúnach a bhféadfadh eitleán cuid dá dhreapadh tosaigh a dhéanamh os a chionn go dtí airde shonraithe						
		Fad	Achar	Fadfhairsinge an ghlanbhealaigh		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	
		Leithead	Achar	Trasfhairsinge an ghlanbhealaigh		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	
		Próifíl talún		Próifíl ingearach (nó fána) an ghlanbhealaigh	Más ann					
	Limistéar sábháilteachta cheann an rúidbhealaigh (RESA)			Limistéar siméadrach timpeall lárlíne leathnaithe an rúidbhealaigh agus in aice le ceann na stráice, atá beartaithe go príomha chun an riosca laghdú go ndéanfaí damáiste d'eitleán a théann thar an rúidbhealaigh nó nach sroicheann é						
		Fad	Achar	Fadfhairsinge RESA						
		Leithead	Achar	Trasfhairsinge RESA						
		Fadfhána	Luach	Fadfhána RESA						
		Trasfhána	Luach	Trasfhána RESA						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Achair a dearbhaíodh									
		Fad an rúidbhealaigh ar fáil chun éirí de thalamh (TORA)	Achar	Fad an rúidbhealaigh a dearbhaíodh a bheith ar fáil agus oiriúnach do chúrsa talún éirí de thalamh eitleáin		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
		Fad éirí de thalamh atá ar fáil (TODA)	Achar	Fad an turais éirí de thalamh atá ar fáil móide fad an ghlanbhealaigh, má sholáthraítear sin		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suirbhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
		An fad atá ar fáil don luasghearú/ stopadh (ASDA)	Achar	Fad an turais éirí de thalamh atá ar fáil móide fad an stadbheal-aigh, má sholáth-raítear sin		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
		An fad atá ar fáil don tuirlingt	Achar	Fad an rúidbhealaigh a dearbhaíodh a bheith ar fáil agus oiriúnach do chúrsa talún tuirlingthe eitleáin		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
		Barúlacha	Téacs	Barúlacha lena n-áirítear iontráil an rúidbhealaigh nó túsphointe, i gcás inar dearbhaíodh achair laghdaithe mhalartacha						
	Soilsiú cheann an rúidbhealaigh									
		Dath	Téacs	Dath shoilse cheann an rúidbhealaigh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse cheann an rúidbhealaigh						
	Soilsiú an stadbhealaigh									

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Fad	Achar	Fadfhairsinge shoilse an stadbhealaigh						
		Dath	Téacs	Dath shoilse an stadbhealaigh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse an stadbhealaigh						
	Córas soilse ascnaimh									
		Cineál	Téacs	Aicmiú an chórais soilsithe ascnaimh, agus critéir Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 agus CS-ADR-DSN in úsáid, go háirithe CS ADR-DSN.M.625 agus CS ADR-DSN.M.626						
		Fad	Achar	Fadfhairsinge an chórais soilse ascnaimh						
		An déine	Téacs	Cód a léiríonn déine ábhartha an chórais soilse ascnaimh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de chóras soilsithe ascnaimh						
	Soilse thairseach an rúidbhealaigh									
		Dath	Téacs	Dath shoilse thairseach an rúidbhealaigh						
		Dath barra sciatháin	Téacs	Dath bharraí sciatháin thairseach an rúidbhealaigh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse na tairsí agus na mbarraí sciatháin						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Soilse an chreasa tadhaill									
		Fad	Achar	Fadfhairsinge shoilse chrios tadhaill an rúidbhealaigh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse chrios tadhaill an rúidbhealaigh						
	Córas amharc-tháscaire fána ascnaimh									
		Íosairde súile os cionn na tairsí (MEHT)	Airde	MEHT						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach an chórais amharctháscaire fána ascnaimh						
		Uillinn	Uillinn	Na huillinneacha fána ascnaimh ainmniúil						
		Cineál	Téacs	An cineál córais táscaire ascnaimh amhairc (PAPI, A-PAPI. etc.)						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Uillinn díláithrithe	Uillinn	I gcás nach bhfuil ais an chórais comhthreomhar le lárlíne an rúidbhealaigh, uillinn agus treo an díláithrithe i.e. ar chlé nó ar dheis						
		Treo an díláithrithe	Téacs	I gcás nach bhfuil ais an chórais comhthreomhar le lárlíne an rúidbhealaigh, uillinn agus treo an díláithrithe, i.e. ar chlé nó ar dheis						
	Trealamh coiscthe		Líne	Suíomh geografach chábla an trealaimh coiscthe ar fud an rúidbhealaigh						
	Córas coiscthe			Ábhar ionsúcháin ardfhuinnimh atá lonnaithe ag ceann an rúidbhealaigh nó an stadbhealaigh, atá deartha le bheith brúite faoi mheáchan eitleáin fad is a chuireann an t-ábhar fórsaí luasmhoillithe ar fáil ar threalamh tuirlingthe an aerárthaigh						
		Geoiméadracht	Polagán	Suíomh geografach an chórais coiscthe						
		Achar cúil	Achar	Achar cúil an chórais coiscthe						
		Fad	Achar	Fadfhairsinge an chórais coiscthe						
		Leithead	Achar	Trasfhairsinge an chórais coiscthe						
Limistéar airdemhéadair raidió										
	Fad		Achar	Fadfhairsinge an limistéir airdemhéadair raidió						
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge an limistéir airdemhéadair raidió						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Geoiméad-racht		Polagán	Suíomh geografach an limistéir airdemhéadair raidió						
			Nóta 1	Ingearchló tairsí le haghaidh rúidbhealaigh ag a bhfuil ascnaimh neamhbheachta		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m nó 1 troigh
				Ingearchló tairsí le haghaidh rúidbhealaigh ag a bhfuil ascnaimh bheachta		0,25 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	0,1 m nó 0,1 troigh	0,5 m nó 1 troigh
			Nóta 2	Droimneacht gheoide WGS-84 ag tairseach an rúidbhealaigh le haghaidh ascnaimh neamhbheachta		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m nó 1 troigh
				Droimneacht gheoide WGS-84 ag tairseach an rúidbhealaigh le haghaidh ascnaimh bheachta		0,25 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	0,1 m nó 0,1 troigh	0,5 m nó 1 troigh

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Cairt Freagraí
Limistéar ascnaimh deiridh agus éirí de thalamh (FATO)				Limistéar sainithe thar a gcuirfidh an chéim dheiridh den ainliú ascnaimh i gcrích sula mbeidh an fhaoileáil nó an tuirlingt críochnaithe agus óna dtosaítear an t-ainliú éirí de thalamh; I gcás ina n-úsáideann héileacaptair a oibrítear in aicme feidhmíochta 1 FATO, áirítear an limistéar éirí de thalamh tobscortha sa limistéar sainithe.						
	Pointe tairsí			Tús na coda de FATO atá inúsáidte le haghaidh tuirlingthe						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach phointe na tairsí FATO		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Cairt Freagraí
		Ingearchló	Ingearchló	Ingearchló thairseach FATO		Féach Nóta 1				
		Droimneacht gheoide	Airde	Droimneacht gheoide WGS-84 ag suíomh thairseach FATO		Féach Nóta 2				
	DER			Ceann an limistéir a dearbhaíodh a bheith oiriúnach le haghaidh éirí de thalamh (i.e. ceann an rúidbhealaigh nó, i gcás ina bhfuil glanbhealach ar fáil, ceann an ghlanbhealaigh nó ceann limistéar FATO)						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach DER		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
		Ingearchló	Ingearchló	An ceann is airde d'ingearchlónna thús agus cheann an rúidbhealaigh/FATO						
	Cineál		Téacs	An cineál FATO						
	Ainmníocht		Téacs	Sainitheoir téacsúil iomlán an limistéir tuirlingthe agus éirí de thalamh						
	Fad		Achar	Fadfhairsinge FATO		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge FATO						
	Geoiméad-racht		Polagán	Suíomh geografach eilimint FATO						
	Fána		Luach	Fána FATO						
	Cineál dromchla		Téacs	An cineál dromchla FATO						
	Treo-uillinn fhíor		Treo-uillinn	Treo-uillinn fhíor FATO		1/100 céim	Gnáthamh	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 céim	
	Achair a dearbhaíodh									

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Cairt Freagraí
		Fad éirí de thalamh atá ar fáil (TODAH)	Achar	Fad FATO móide fad ghlanbhealach an héileacaptair (má sholáthraítear é)	Agus, más in-fheidhme, achair laghdaithe mhal-artacha a dearbh-aíodh	1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	
		Fad éirí de thalamh tobscortha atá ar fáil (RTODAH)	Achar	Fad FATO, a dearbhaíodh a bheith ar fáil agus oiriúnach do héileacaptair a oibrítear in aicme feidhmíochta 1, chun éirí de thalamh tobscortha a chríochnú		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	
		An fad atá ar fáil don tuirlingt	Achar	Fad FATO móide aon limistéar breise a dearbhaíodh a bheith ar fáil agus oiriúnach do héileacaptair chun an t-ainliú tuirlingthe a chur i gcrích ó airde atá sainithe		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	
		Barúlacha	Téacs	Barúlacha lena n-áirítear iontráil nó túsphointe an rúidbhealaigh, i gcás inar dearbhaíodh achair laghdaithe mhalartacha						
	Marcáil FATO									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar mharcálacha FATO						
	Córas soilse ascnaimh									
		Cineál	Téacs	Aicmiú an chórais soilsithe ascnaimh, agus critéir Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 agus CS-ADR-DSN in úsáid, go sonrach CS ADR-DSN.M.625 agus CS ADR-DSN.M.626						
		Fad	Achar	Fadfhairsinge an chórais soilse ascnaimh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Cairt Freagraí
		An déine	Téacs	Cód a léiríonn déine ábhartha an chórais soilse ascnaimh						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de chóras soilsithe ascnaimh						
	Soilsithe limistéir									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar shoilse an limistéir						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse an limistéir						
	Soilse pointe sprice									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar shoilse pointe sprice						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de na soilse pointe sprice						
Limistéar tadhaill agus éirí de thalamh (TLOF)				Limistéar ina bhféadfaidh héileacaptar tuirlingt nó éirí de thalamh						
	Sainitheoir		Téacs	Sainitheoir téacsúil iomlán TLOF						
	Lárphointe									
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach an phointe tairsí TLOF		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
		Ingearchló	Ingearchló	Ingearchló thairseach TLOF		Féach Nóta 1				
		Droimneacht gheoide	Airde	Droimneacht gheoide WGS-84 ag suíomh lárphointe TLOF		Féach Nóta 2				
	Fad		Achar	Fadfhairsinge TLOF		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Cairt Freagraí
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge TLOF		1 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	1 m
	Geoiméad-racht		Polagán	Suíomh geografach eilimint TLOF						
	Fána		Luach	Fána TLOF						
	Cineál dromchla		Téacs	An cineál dromchla TLOF						
	Meálasta		Luach	Meálasta TLOF					1 thonna	
	Cineál an chórais amharc-tháscaire fána ascnaimh		Téacs	Cineál an chórais amharcthéascaire fána ascnaimh						
	Marcáil									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar mharcálacha TLOF						
Limistéar sábháilteachta				Limistéar sainithe ar héileaport mórthimpeall FATO, atá saor ó chonstaicí, seachas iad siúd a bhfuil gá leo chun críoch aerloingseoireachta, agus atá beartaithe leis an riosca damáiste a dhéanamh do héileacaptair a laghdú a imíonn de thimpiste ó FATO						
	Fad		Achar	Fadfhairsinge an limistéir sábháilteachta						
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge an limistéir sábháilteachta						
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dhromchla an limistéir sábháilteachta						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Cairt Freagraí
Glanbhealach héileacaptar				Limistéar sainithe ar an talamh nó ar an uisce, a roghnaíodh agus/nó a ullmhaíodh mar limistéar oiriúnach ina bhféadfadh héileacaptar a oibrítear in aicme feidhmíochta 1 luasghéarú agus airde ar leith a bhaint amach						
	Fad		Achar	Fadfhairsinge an ghlanbhealaigh héileacaptar						
	Próifíl talún		Luach	Próifíl ingearach (nó fána) ghlanbhealach an héileacaptair						
			Nóta 1	Tairseach FATO le haghaidh héileaport a bhfuil ascnamh Pointe sa Spás (PinS) aige nó nach bhfuil		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	
				An tairseach FATO le haghaidh héileapoirt a bhfuil sé beartaithe iad a oibriú		0,25 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh (neamh-bheacht) 0,1 m nó 0,1 troigh (beacht)	
			Nóta 2	Droimneacht gheoide WGS-84 ag tairseach FATO agus lár geoiméadrach TLOF, le haghaidh héileapoirt ag a bhfuil ascnamh PinS nó nach bhfuil		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	
				Droimneacht gheoide WGS-84 ag tairseach FATO agus lár geoiméadrach TLOF, le haghaidh héileapoirt atá sé beartaithe a oibriú		0,25 m	Criticiúil	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh (neamh-bheacht) 0,1 m nó 0,1 ft (beacht)	

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Naprún				Limistéar sainithe ar aeradróm talún, a bhfuil sé beartaithe é a úsáid chun freastal ar aerárthaí maidir le luchtú nó díluchtú paisinéirí, poist nó lasta, maidir le breoslú, páirceáil nó cothabháil						
	Sainitheoir		Téacs	An t-ainm téacsúil iomlán nó an sainitheoir iomlán a úsáidtear chun naprún ag aeradróm/héileaport a shainaithint						
	Geoiméad-racht		Polagán	Suíomh geografach eilimint an naprúin		1 m	Gnáthamh	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/10 soicind	1 shoicind
	Cineál		Téacs	Aicmiú phríomhúsáid an naprúin						
	Srianadh aerárthaigh		Téacs	Srian ar úsáid (toirmeasc) le haghaidh cineál sonrach aerárthaigh						
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dhromchla an naprúin						
	Neart									
		PCN	Téacs	PCN an naprúin						
		Cineál pábhála	Téacs	Cinneadh ACN-PCN						
		Catagóir foshraithe	Téacs	Catagóir nirt fhoshraith an naprúin						
		Brú is incheadaithe	Téacs	An catagóir uasta is incheadaithe le haghaidh bhrú na mbonn nó an t-uasluach is incheadaithe le haghaidh bhrú na mbonn						
		Modh meas-tóireachta	Téacs	An modh meastóireachta a úsáidtear chun an neart naprúin a chinneadh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Ingearchló		Ingearchló	Ingearchló an naprúin						
Bealach innlithe				Conair shainithe ar aeradróm talún a bunaíodh chun aerárthaí a inleadh agus a bhfuil sé beartaithe nasc a sholáthar léi idir cuid amháin den aeradróm agus cuid eile						
	Sainitheoir		Téacs	Sainitheoir téacsúil iomlán an bhealaigh innlithe						
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge an bhealaigh innlithe		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	
	Geoiméad-racht		Polagán	Suíomh geografach eilimint an bhealaigh innlithe						
	Droichead		Téacs	An cineál droichid (ceann ar bith, droichead uasbhealaigh, droichead íosbhealaigh)						
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dromchla an bhealaigh innlithe						
	Neart									
		PCN	Téacs	PCN an bhealaigh innlithe						
		Cineál pábhála	Téacs	Cinneadh ACN-PCN						
		Catagóir foshraithe	Téacs	Catagóir nirt fhoshraith an bhealaigh innlithe						
		Brú is incheadaithe	Téacs	An catagóir uasta is incheadaithe le haghaidh bhrú na mbonn nó an t-uasluach is incheadaithe le haghaidh bhrú na mbonn						
		Modh meas-tóireachta	Téacs	An modh meastóireachta a úsáidtear chun an neart an bhealaigh innlithe a chinneadh						
	Srianadh aerárthaí		Téacs	Srian ar úsáid (toirmeasc) le haghaidh cineál sonrach aerárthaigh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Litir cóid tagartha		Liosta na gCód	Litir atá bunaithe ar raon sciatháin agus ar raon príomhrotha fiaclaigh lasmuigh de chuid an eitleáin						
	Suíomh le haghaidh síneadh reanna sciatháin		Pointe/ Polagán	Maidir le haeradróim a bhaineann le heitleáin a bhfuil reanna sciatháin infhillte acu, an suíomh ina sínfear na reanna sciatháin						
	Pointí lárlíne									
		Suíomh	Pointe	Comhordanáidí geografacha phointí lárlíne an bhealaigh innlithe		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1/100 soicind
		Ingearchló	Ingearchló	Ingearchló phointí lárlíne an bhealaigh innlithe		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta		
	Gualainn			Limistéar in aice le ciumhais phábhála, agus é ullmhaithe le haistriú a chur ar fáil idir an phábháil agus an dromchla in aice láimhe						
		Geoiméad-racht	Polagán	Suíomh geografach ghualainn an bhealaigh innlithe						
		Cineál dromchla	Téacs	Cineál dromchla ghualainn an bhealaigh innlithe						
		Leithead	Achar	Leithead ghualainn an bhealaigh innlithe		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 m nó 1 troigh	
	Línte treorach									
		Geoiméad-racht	Líne	Suíomh geografach na línte treorach		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1/100 soicind
		Dath	Téacs	Dath línte treorach an bhealaigh innlithe						
		Stíl	Téacs	Stíl línte treorach an bhealaigh innlithe						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Réise sciathán	Luach	Réise sciathán						
		Uasluas	Luach	Uasluas						
		Treo	Téacs	Treo						
	Líne mharcála an tsuímh coinneála idir-mheánaigh		Líne	Líne mharcála an tsuímh coinneála idirmheánaigh		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
	Marcáil an bhealaigh innlithe									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar mharcáil an bhealaigh innlithe						
	Soilse chiumhais an bhealaigh innlithe									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar shoilse chiumhais an bhealaigh innlithe						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse chiumhais an bhealaigh innlithe						
	Soilse lárlíne an bhealaigh innlithe									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar shoilse lárlíne an bhealaigh innlithe						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse lárlíne an bhealaigh innlithe						
	Barraí staid									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar na barraí staid	Más ann					
		Suíomh	Líne	Suíomh na mbarraí staid						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Soilse cosanta an rúid-bhealaigh									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar shoilse cosanta an rúidbhealaigh agus ar bhearta cosanta eile maidir leis na rúidbhealaí	Más ann					
		Suíomh	Pointe	Suíomh an bharra staid	Cumraí-ocht A					
		Suíomh	Líne	Suíomh an bharra staid	Cumraí-ocht B					
	Suíomh coinneála an rúid-bhealaigh			Suíomh ainmnithe atá beartaithe chun rúidbhealach, dromchla teorannaithe constaicí nó limistéar criticiúil/íogair córais tuirlingthe le hionstraimí (ILS) nó córais tuirlingthe micreathoinne (MLS) a chosaint, áit ina stopfaidh agus ina mbeidh aerárthaí agus feithiclí innealta á gcoinneáil, mura n-údaraítear a mhalairt leis an ionad rialaithe aeradróim						
		Geoiméad-racht	Líne	Suíomh geografach shuíomh coinneála an rúidbhealaigh		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
		Rúidbhealach atá faoi chosaint	Téacs	Sainitheoir an rúidbhealaigh a chosnaítear						
		Catagóir staid	Liosta na gCód	Catagóir (CAT) de rúidbhealach (0, I, II, III)						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Téacs maidir le 'rúid-bhealach romhat'	Téacs	An téacs iarbhír mar atá sa mharcáil; E.g. 'RWY AHEAD' nó 'RUNWAY AHEAD'						
	Suíomh coinneála idir-mheánach	Geoiméad-racht	Líne	Suíomh geografach an tsuímh coinneála idirmheánaigh – suíomh ainmnithe atá beartaithe lena úsáid chun trácht a rialú, áit ina stopfaidh agus ina mbeidh aerárthaí agus feithiclí innealta á gcoinneáil go dtí go nglanfar iad le dul ar aghaidh, nuair a ordóidh an t-ionad rialaithe aeradróim é sin						
Talamh héileacaptair an bhealaigh innlithe				Bealach innlithe talún atá beartaithe le haghaidh gluaiseacht talún héileacaptar de bhuniompróirí ar rothaí						
	Sainitheoir		Téacs	Sainitheoir téacsúil iomlán thalamh héileacaptar an bhealaigh innlithe						
	Pointí lárlíne		Pointe	Suíomh geografach phointí lárlíne thalamh héileacaptar an bhealaigh innlithe		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta/ ríomha		
	Ingearchló		Ingearchló	Ingearchló bhealach innlithe na talún héileacaptar		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta		
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge thalamh héileacaptar an bhealaigh innlithe		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta		
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dhromchla thalamh héileacaptar an bhealaigh innlithe						
	Líne mharcála trasnála		Líne	Talamh héileacaptar líne mharcála trasnála an bhealaigh innlithe		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1 shoicind
	Soilsiú									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar sholas bhealach innlithe na talún héileacaptar						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse bhealach innlithe na talún héileacaptar						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Marcáil									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar mharcáil bhealach innlithe na talún héileacaptar						
Bealach innlithe aeir héileacaptar				Conair shainithe ar an dromchla, a bunaíodh le haghaidh aerinleadh héileacaptar						
	Sainitheoir			Sainitheoir téacsúil iomlán an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar						
	Pointí lárlíne		Pointe	Suíomh geografach phointí lárlíne an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta/ríomha		
	Ingearchló		Ingearchló	Ingearchló an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta		
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta		
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dhromchla an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar						
	Soilsiú									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar shoilsiú an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar						
		Suíomh	Pointe	Suíomh geografach gach solais ar leith de shoilse an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar						
	Marcáil									
		Tuairisc	Téacs	Tuairisc ar mharcáil an bhealaigh innlithe aeir héileacaptar						
Bealaí idirthurais aeir héileacaptar				Conair shainithe a bunaíodh le haghaidh gluaiseacht héileacaptar ó chuid amháin de héileaport go cuid eile; le bealach innlithe áirítear bealach innlithe aeir nó talún héileacaptair atá i lár an bhealaigh innlithe.						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Sainitheoir		Téacs	Dearthóir an aerbhealaigh héileacaptair						
	Geoiméad-racht		Líne	Suíomh geografach an bhealaigh idirthurais aeir héileacaptar						
	Leithead		Achar	Trasfhairsinge an bhealaigh idirthurais aeir héileacaptar		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta		
Seicphointe INS										
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach sheicphointe INS	I gcás ina bhfuil fáil air sin	0,5 m	Gnáthamh	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1/100 soicind
Seicphointe raoin uilethreoch an-ardmhinicí-ochta (VOR)										
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach sheicphointe VOR	I gcás ina bhfuil fáil air sin					
	Minicíocht		Luach	Minicíocht sheicphointe VOR						
Seicphointe airdemhéadair										
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach na seicphointí airdemhéadair						
	Ingearchló		Ingearchló	Ingearchló na seicphointí airdemhéadair						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Suíomh aerárthaí				Limistéar ainmnithe ar naprún atá beartaithe a úsáid chun aerárthach a pháirceáil						
	Ainm		Téacs	Ainm an phointe suímh aerárthaí						
	Pointí suímh aerárthaí	Suíomh	Pointe	Suíomh geografach an phointe suímh aerárthaí		0,5 m	Gnáthamh	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	1/100 soicind
		Cineálacha aerárthaigh	Liosta na gCód	Cineálacha aerárthaigh						
	Comhartha aitheantais		Téacs	Tuairisc ar chomhartha aitheantais suímh aerárthaí						
	Córas treorach amhairc nasctha/ páirceála		Téacs	Tuairisc ar an gcóras treorach amhairc nasctha/páirceála ag an suíomh aerárthaí						
	Limistéar seastáin páirceála		Polagán	Suíomh geografach an limistéir seastáin páirceála						
	Droichead bordála paisinéirí		Liosta na gCód	Droichead bordála paisinéirí atá ar fáil ag an suíomh aerárthaí						
	Breosla		Liosta na gCód	Breosla atá ar fáil ag an suíomh aerárthaí						
	Cumhacht talún		Liosta na gCód	Breosla talún atá ar fáil ag an suíomh aerárthaí						
	Tarraingt		Liosta na gCód	Tarraingt atá ar fáil ag an suíomh aerárthaí						
	Críochfort		Téacs	Tagairt fhoirgneamh an chríochfoirt						
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dromchla an tsuímh aerárthaí						
	Srianadh aerárthaí		Téacs	Srian ar úsáid (toirmeasc) le haghaidh cineál sonrach aerárthaigh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	PCN		Téacs	PCN an tsuímh aerárthaí						
	Líne treorach an tsuímh									
		Geoiméad-racht	Líne	Suíomh geografach líne treorach an tsuímh		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	
		Ingearchló	Ingearchló	Ingearchló na bpointí líne treorach páirceála		1 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta		
		Treo	Téacs	Treo líne treorach an tsuímh						
		Réise sciathán	Luach	Réise sciathán						
		Dath	Liosta na gCód	Dath líne treorach an tsuímh						
		Stíl	Liosta na gCód	Stíl líne treorach an tsuímh						
Suíomh héileacaptar				Suíomh aerárthaí inar féidir héileacaptar a pháirceáil agus ina gcuirtear oibríochtaí innealta talún i gcrích nó an áit ina dtuirlingíonn an héileacaptar n ina n-éiríonn sé de thalamh sé chun oibríochtaí aerinnealta a dhéanamh.						
	Ainm		Téacs	Ainm an tsuímh héileacaptar						
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach an phointe suímh héileacaptar/sheicphointí INS		0,5 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 soicind	
Limistéar dí-oighriúcháin				Saoráid ina mbaintear sioc, oighear nó sneachta (dí-oighriú) ón eitleán chun dromchlaí glana a sholáthar, agus/nó ina bhfaigheann dromchlaí glana an eitleáin cosaint (frith-oighriú) ar shioc nó ar oighear, agus carnadh sneachta nó praisí sneachta, ar feadh tréimhse teoranta ama						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Aitheantóir		Téacs	Aitheantóir an limistéir dí-oighriúcháin						
	Geoiméad-racht		Polagán	Suíomh geografach an limistéir dí-oighriúcháin		1 m	Gnáthamh	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/10 soicind	1 shoicind
	Cineál dromchla		Téacs	Cineál dromchla an limistéir dí-oighriúcháin						
	Bonn aitheantais		Téacs	Ainm eilimint foluiteach an bhealaigh innlithe, an seastáin páirceála nó an naprúin						
	Srianadh aerárthaí		Téacs	Srian ar úsáid (toirmeasc) le haghaidh cineál sonrach aerárthaigh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta:	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Saoráid chumarsáide										
	Ainmniú seirbhíse		Téacs	Ainmniú seirbhíse a chuirtear ar fáil						
	Comhartha aitheantais		Téacs	Comhartha aitheantais na saoráide cumarsáide						
	Cainéal		Téacs	Cainéal/minicíocht na saoráide cumarsáide						
	Seoladh logála isteach		Téacs	Seoladh logála isteach na saoráide	Mar is iomchuí					
	Uaireanta oibriúcháin		Sceideal	Uaireanta oibriúcháin an stáisiúin a fhreastalaíonn ar an aonad".						

(2) Tábla 3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad sonraí faoi aerbhealaí agus bealaí eile:

"3. **Sonraí faoi aerbhealaí agus bealaí eile**

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Aerbhealach				Bealach sonraithe atá deartha chun an sreabhadh tráchta a shruthú de réir mar is gá chun ATS a sholáthar						
	Sainitheoir		Téacs	Sainitheoirí le haghaidh bealaí ATS i gcomhréir le hIarscríbhinn XI (Cuid-FPD) a ghabhann leis an Rialachán seo						
	Réimír sainitheora		Téacs	Réimír an sainitheora bealaigh mar a shonraítear i Nóta 1						
Bealach eile				Bealach sonraithe atá deartha chun an sreabhadh tráchta a shruthú de réir mar is gá gan ATS a sholáthar						
	Sainitheoir		Téacs	Sainitheoir an bhealaigh						
	Cineál		Téacs	An cineál bealaigh (e.g. bealaí loingseoireachta neamhrialaithe VFR)						
	Rialacha um eitilt		Liosta na gCód	Faisnéis faoi na rialacha um eitilt a bhaineann leis an mbealach (IFR/VFR)						
Céim aerbhealaigh										
	Ó phointe			Tagairt don chéad phointe de dheighleog bhealaigh						
		Ainm	Téacs	Na sainitheoirí códaithe nó códainmneacha pointe shuntasaigh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Tuairisciú	Liosta na gCód	Léiriú ar an gceanglas tuairiscithe ATS/MET mar cheanglas ‘éigeantach’ nó ‘arna iarraidh sin’						
	Go pointe			Tagairt don dara pointe de chéim aerbhealaigh						
		Ainm	Téacs	Na sainitheoirí códaithe nó códainmneacha pointe suntasach						
		Tuairisciú	Liosta na gCód	Léiriú ar an gceanglas tuairiscithe ATS/MET mar cheanglas ‘éigeantach’ nó ‘arna iarraidh sin’						
	Rian		Treo-uillinn	Rian, ga-dhual VOR nó imthacaí maighnéadach de dheighleog bhealaigh		1/10 céim (críochfoirt teacht imeacht)	Gnáthamh (críochfoirt teacht imeacht)	Trí bhíthin ríomha (críochfoirt teacht imeacht)	1 chéim (críochfoirt teacht imeacht)	1 chéim (críochfoirt teacht imeacht)
	An pointe athraithe		Pointe	An pointe ag a meastar a n-aistreoidh aerárthach atá i mbun loingseoireachta ar dheighleog bhealaigh ATS, deighleog bhealaigh atá sainithe trí thagairt a dhéanamh do raonta VOR, a phríomhthagairt loingseoireachta ón tsaoráid ar a chúl go dtí an chéad saoráid eile atá os a chomhair	I gcás gha-dhual VOR					
	Fad		Achar	An t-achar geodasach idir ‘ó phointe’ agus ‘go pointe’		Féach Nóta 2				
	Uasteorainn		Airde	Uasteorainn na céime aerbhealaigh						
	An íosteorainn		Airde	Íosteorainn na céime aerbhealaigh						
	Airde íosta faoi bhealach (MEA)		Airde	Is é atá i gceist airde deighleoige faoi bhealach a chuireann glacadh leordhóthanach saoráidí loingseoireachta ábhartha agus chumarsáid ATS ar fáil, airde a chomhlíonann an struchtúr aerspáis agus a sholáthraíonn an glanadh constaicí is gá.		50 m	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	50 m nó 100 troigh	50 m nó 100 troigh

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Íosairde glanta constaicí (MOCA)		Airde	Is éard atá i gceist an íosairde ag deighleog atá sainithe a sholáthraíonn an glanadh constaicí is gá		50 m	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	50 m nó 100 troigh	50 m nó 100 troigh
	Íosairde eitilte		Airde	Íosairde eitilte		50 m	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	50 m nó 100 troigh	50 m nó 100 troigh
				Teorainneacha cliathánacha Teorainneacha cliathánacha an bhealaigh		Achar				
	Íosairde limistéir (AMA)		Airde	Is é atá i gceist an íosairde atá le húsáid faoi staid mheitéareolaíoch eitilte le huirlis (IMC), lena soláthraítear an glanadh íosta constaicí laistigh de limistéar sonraithe, a fhoirmítear de ghnáth le línte comhthreomhara agus fadlínte.						
	Íosairde treorialaithe (MVA)		Airde	MVA						
	Srianta		Téacs	Léiriú ar aon srianadh limistéir maidir le luas agus maidir le leibhéal/airde, i gcás ina bhfuil sin bunaithe						
	Treo na leibhéal cúrsála eitilte			Léiriú ar threo an leibhéil cúrsála eitilte (ré, corr, ceann ar bith (NIL))						
		Chun cinn	Liosta na gCód	Tásc ar threo an leibhéil cúrsála eitilte (ré, corr, ceann ar bith (NIL)) ón gcéad phointe go dtí an dara pointe den deighleog bhealaigh						
		Ar gcúl	Liosta na gCód	Tásc ar threo an leibhéil cúrsála eitilte (ré, corr, ceann ar bith (NIL)) ón dara pointe go dtí an chéad phointe den deighleog bhealaigh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Infhaighteacht		Téacs	Faisnéis maidir le bealaigh a bheith ar fáil						
	Aicme aerspáis		Téacs	Aicmiú aerspáis a chinneann na rialacha oibríochta, na ceanglais um eitilt agus na seirbhísí a sholáthraítear						
	Ceanglais maidir le loingseoireacht fheidhmíochtbhunaithe (PBN)			Loingseoireacht limistéir bunaithe ar cheanglais PBN le haghaidh aerárthaí a oibríonn ar bhealach ATS, ar nós imeachta ascnaimh uirlisí, nó in aerspás ainmnithe	PBN amháin					
		Sonraíocht(í) loingseoireachta	Téacs	Ainmniú na sonraíochta/sonraíochtaí loingseoireachta is infheidhme maidir le deighleog nó deighleoga sonraithe; tá dhá chineál sonraíochtaí loingseoireachta ann: (a) an tsonraíocht feidhmíochta loingseoireachta (RNP) a cheanglaítear: sonraíocht loingseoireachta bunaithe ar loingseoireacht limistéir lena n-áirítear an ceanglas maidir le faireachán feidhmíochta agus foláireamh feidhmíochta, arna ainmniú ag an réimír RNP, e.g. RNP 4, RNP APCH. (b) Sonraíocht loingseoireachta limistéir (RNAV): sonraíocht loingseoireachta bunaithe ar loingseoireacht limistéir nach n-áirítear léi an ceanglas maidir le faireachán feidhmíochta agus foláireamh feidhmíochta, arna ainmniú ag an réimír RNAV, e.g. RNAV 5, RNAV 1.						
		Ceanglais feidhmíochta loingseoireachta	Téacs	An ceanglas maidir le cruinneas loingseoireachta do gach deighleog bhealach PBN (RNAV nó RNP)						
		Ceanglais maidir leis an mbraiteoir	Téacs	Léiriú ar na ceanglais braiteora lena n-áirítear aon teorainneacha maidir le sonraíocht loingseoireachta						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Aonad rialaithe									
		Ainm	Téacs	Ainm an aonaid a sholáthraíonn an tseirbhís						
		Cainéal	Téacs	Cainéal oibriúcháin/minicíochta an aonaid rialaithe						
		Seoladh logála isteach	Téacs	Cód sonraithe a úsáidtear le haghaidh logála isteach naisc sonraí chuig an aonad rialaithe ATS	Más infheidhme					
			Nóta 1	U = uachtarach (upper)	Nóta 2	1/10 km	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	1/10 km nó 1/10 nm	1 km nó 1 nm
				H = héileacaptar		1/100 km	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin ríomha	1/100 km nó 1/100 nm	1 km nó 1 nm
				S = supersonic						
				T = tacan						
				Eile						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Treoirphointe										
	Aitheantas		Téacs	Ainmneacha, sainitheoirí códaithe nó códainmneacha a thugtar don phointe suntasach						
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach an treoirphointe		100 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta/ ríomha	1 shoic-ind	1 shoic-ind

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Foirmiú									
		Áis loing-seoireachta (navaid)	Téacs	Aitheantas stáisiúin na tagartha VOR/trealaimh tomhais achar (DME)						
		Treo-uillinn	Treo-uillinn	An treo-uillinn i leith na tagartha VOR/DME mura bhfuil an treoirphointe comhthiomsaithe léi		Féach Nóta 1 thíos				
		Achar	Achar	An t-achar ón tagairt VOR/DME mura bhfuil an treoirphointe comhthiomsaithe léi		Féach Nóta 2 thíos				
					Nóta 1	1/10 céim	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	1/10 céim	1/10 céim
						1/100 céim	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin ríomha	1/100 céim	1/10 céim
								Trí bhíthin ríomha		
					Nóta 2	1/10 km	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	1/10 km nó 1/10 nm	2/10 km (1/10 nm)
						1/100 km	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin ríomha	1/100 km nó 1/100 nm	2/10 km (1/10 nm)

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Coinneáil faoi bhealach				Ainliú réamhchinntithe a choinníonn an t-aerárthach laistigh den aerspás sonraithe fad atáthar ag fanacht le glanadh breise						
	Aitheantas		Téacs	An nós imeachta coinneála a shainaithint						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Socrú		Téacs	Sainaitheantas shocrú an nós imeachta coinneála		100 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta/ ríomha	1 shoicind	1 shoicind
	Treoirphointe		Pointe	Suíomh geografach an treoirphointe coinneála						
	Rian isteach		Treo-uillinn	Rian isteach an nós imeachta coinneála						
	Treo casaidh		Téacs	Treo an nós imeachta casaidh						
	Luas		Luach	Aerluas uasta léirithe						
	Leibhéal									
		Íosleibhéal coinneála	Airde	Íosleibhéal coinneála an nós imeachta coinneála						
		Uasleibhéal coinneála	Airde	Uasleibhéal coinneála an nós imeachta coinneála						
	Am amach/achar amach;		Luach	Luach ama/achair an nós imeachta coinneála						
	Aonad rialaithe									

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Ainm	Téacs	Léiriú ar an aonad rialaithe						
		Minicíocht	Luach	Minicíocht oibriúcháin/cainéal an aonaid rialaithe						
	Nós imeachta speisialta iontrála coinneála		Téacs	Tuairisc théacsúil ar an nós imeachta iontrála speisialta VOR/DME	I gcás ina bhfuil ga-dhual iontrála chuig socrú tánaisteach ag ceann na céime amach bunaithe i gcomhair phatrún coinneála VOR/ DME".					

(3) Tábla 5. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad sonraí maidir le háiseanna/córais radaloingseoireachta:

"Tábla 5. **Sonraí maidir le háiseanna/córais radaloingseoireachta**

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Áis radaloing-seoireachta										
	Cineál		Téacs	An cineál áise radaloingseoireachta						
	Aitheantas		Téacs	An cód atá sannta chun an navaid a shainaithint go huathúil						
	Ainm		Téacs	An t-ainm téacsach atá sannta don navaid						
	Aicmiú shaoráid ILS		Liosta na gCód	Aicmiú bunaithe ar chumais fheidhmiúla agus feidhmíochta ILS	ILS					

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Aicmiú shaoráid GBAS		Liosta na gCód	Aicmiú bunaithe ar chumais fheidhmiúla agus feidhmíochta fhochóras talún GBAS	GBAS					
	Ainmniú na saoráide ascnaimh le haghaidh GBAS		Liosta na gCód	Aicmiú bunaithe ar mhéid seirbhíse agus ceanglais feidhmíochta GBAS le haghaidh gach cur chuige thacaithe	GBAS					
	Limistéar oibriúcháin		Téacs	Léiriú maidir le cé acu a fhreastalaíonn nó nach bhfreastalaíonn áis radaloingseoireachta ar chríocha faoi bhealach (E), aeradróim (A) nó dhá fheidhm (AE)						
	An t-aeradróm/ héileaport ar a bhfreast-alaítear		Téacs	Táscaire suímh ICAO nó ainm na n-aeradróm/héileaport a bhfuiltear ag freastail orthu						
	Rúidbhealach a bhfuiltear ag freastail air		Téacs	Sainitheoir an rúidbhealaigh a bhfuiltear ag freastail air						
	Eintiteas oibriúcháin		Téacs	Ainm eintiteas oibriúcháin na saoráide						
	Cineál na n-oibríochtaí atá tacaithe		Liosta na gCód	Léiriú ar an gcineál oibríochta atá tacaithe le haghaidh ILS/MLS, Córas Domhanda um Loingseoireacht Satailítean (GNSS) bunúsach, Córas Méadúcháin bunaithe ar Shatailítí (SBAS), Córas Méadúcháin ar an Talamh (GBAS)						
	Comhthiomsú		Téacs	Faisnéis go bhfuil navaid comhthiomsaithe le navaid eile						
	Uaireanta oibriúcháin		Sceideal	Uaireanta oibriúcháin na háise radaloingseoireachta						
	Comhathrú maighnéadach			An difríocht uilleach idir an treo fíor ó thuaidh agus treo maighnéadach ó thuaidh						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Uillinn	Uillinn	Comhathrú maighnéadach na háise radaloingseoireachta	ILS/NDB	Féach Nóta 1 thíos				
		Dáta	Dáta	An dáta a raibh an luach comhfhreagrach ag an gcomhathrú maighnéadach						
	Díchlaonadh stáisiúin		Uillinn	Inathraitheacht ailínithe ar an navaid idir an ga-dhual céime-nialais agus an fíor treo ó thuaidh, a chinnfear ag an am a bhfuil an stáisiún calabraithe	VOR/ILS/ MLS					
	Treo na treo-uillinne nialais		Téacs	Treo na 'treo-uillinne nialais' arna soláthar ag an stáisiún, e.g. treo maighnéadach ó thuaidh, treo fíor ó thuaidh, etc.	VOR					
	Minicíocht		Luach	Minicíocht nó minicíocht tiúnta na háise radaloingseoireachta						
	Cainéal		Téacs	Uimhir chainéil na háise radaloingseoireachta	DME nó GBAS					
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach na háise radaloingseoireachta		Féach Nóta 2 thíos				
	Ingearchló		Ingearchló	Ingearchló aeróg tharchuir DME nó ingearchló an phointe tagartha GBAS	DME nó GBAS	Féach Nóta 3 thíos				
	Airde éileapsóideach		Airde	Airde éileapsóideach phointe tagartha GBAS	GBAS					
	Ailíniú logálaí									
		Treo-uillinn	Treo-uillinn	An cúrsa logálaí	Logálaí ILS	1/100 céim	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 céim (más fíor)	1 chéim

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
		Cineál	Téacs	An cineál ailínithe logálaí, fíor nó maighnéadach	Logálaí ILS					
	Ailíniú asamatach nialais		Treo-uillinn	Ailíniú asamatach nialais MLS	MLS	1/100 céim	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/100 céim (más fíor)	1 chéim
	Uillinn		Uillinn	Uillinn chonair faoileoireachta ILS nó gnáthuillinn faoileoireachta shuiteáil MLS	ILS GP/MLS					
	RDH		Luach	Luach airde tagra tagartha ILS (ILS RDH)	ILS GP	0,5 m	Criticiúil	Trí bhíthin ríomha		
	Aeróg logálaí go hachar cheann an rúidbhealaigh		Achar	Logálaí ILS – achar cheann an rúidbhealaigh/FATO	Logálaí ILS	3 m	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	1 m nó 1 troigh	Mar a breacadh é
	Aeróg fána faoileoireachta ILS go hachar TRSH		Achar	Aeróg fána faoileoireachta ILS – fad tairsí feadh na lárlíne	ILS GP	3 m	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	1 m nó 1 troigh	Mar a breacadh é
	Marcóir ILS go hachar TRSH		Achar	Marcóir ILS – fad tairsí	ILS	3 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin ríomha	1 m nó 1 troigh	2/10 km (1/10 nm)
	Aeróg DME ILD go hachar TRSH		Achar	Aeróg DME ILS – fad tairsí feadh na lárlíne	ILS	3 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin ríomha	1 m nó 1 troigh	Mar a breacadh é
	Aeróg asamatach MLS go hachar cheann an rúidbhealaigh		Achar	Aeróg asamatach MLS – achar cheann an rúidbhealaigh/FATO	MLS	3 m	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	1 m nó 1 troigh	Mar a breacadh é

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
	Aeróg ingearchló MLS go hachar TRHS		Achar	Aeróg ingearchló MLS – achar tairsí feadh na lárlíne	MLS	3 m	Gnáthamh	Trí bhíthin ríomha	1 m nó 1 troigh	Mar a breacadh é
	Aeróg DME MLS go hachar TRHS		Achar	Aeróg MLS DME/P – achar tairsí feadh na lárlíne	MLS	3 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin ríomha	1 m nó 1 troigh	Mar a breacadh é
	Polarú comharthaí		Liosta na gCód	Polarú comharthaí GBAS (GBAS/H nó GBAS/E)	GBAS					
	Cumhdach oibríochtúil ainmnithe (DOC)		Téacs	DOC nó méid seirbhíse caighdeánach (SSV) mar gha raoin nó méid seirbhíse ó phointe tagartha navaid/GBAS, airde agus earnálacha, más gá						
			Nóta 1		Logálaí ILS	1 chéim	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 chéim	
					NDB	1 chéim	Gnáthamh	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 chéim	
								Trí bhíthin suir-bhéireachta		
			Nóta 2		Aeradróm navaid	3 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1/10 soicind	Mar a breacadh é
					Pointe tagartha GBAS	1 m		Trí bhíthin suir-bhéireachta		
					En route	100 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	1 shoicind	
								Trí bhíthin suir-bhéireachta		

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
			Nóta 3		DME	30 m (100 troigh)	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	30 m (100 troigh)	30 m (100 troigh)
					DME/P	3 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta	3 m (10 troigh)	
					Pointe tagartha GBAS	0,25 m	Fíor-riachtanach		1 m nó 1 troigh	

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
GNSS				Córas domhanda chun suíomh agus am a chinneadh lena n-áirítear buíon satailítí amháin nó níos mó, glacadóirí aerárthaí agus faireachán ar shláine an chórais, córas a mhéadaítear de réir mar is gá chun tacú leis an bhfeidhmíocht loingseoireachta is gá don oibríocht atá beartaithe						
	Ainm		Téacs	Ainm na heiliminte GNSS (GPS, GBAS, GLONASS, EGNOS, MSAS, WAAS, etc.)						
	Minicíocht		Luach	Minicíocht GNSS	Mar is iomchuí					
	Limistéar seirbhíse		Polagán	Suíomh geografach limistéar seirbhíse GNSS						
	Limistéar a chumh-daítear		Polagán	Suíomh geografach limistéar GNSS atá ar chumhdach						
	Údarás oibriúcháin		Téacs	Ainm údarás oibriúcháin na saoráide						
Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Soilse talún aerloing-seoireachta				Soilse talún agus rabhcháin solais eile lena n-ainmnítear suíomhanna geografacha a roghnaíonn an Ballstát a bheith suntasach						
	Cineál		Téacs	An cineál rabhcháin						
	Sainitheoir		Téacs	An cód a shanntar chun an rabhchán a shainaithint go huathúil						
	Ainm		Téacs	Ainm na cathrach nó an bhaile nó aitheantas eile ar an rabhchán						
	An déine		Luach	Déine sholas an rabhcháin					1000 cd	
	Saintréithe		Téacs	Faisnéis faoi shaintréithe an rabhcháin						
	Uaireanta oibriúcháin		Sceideal	Uaireanta oibriúcháin an rabhcháin						
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach an rabhcháin						
Soilse muirí										
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach an rabhcháin						
	Raon			infheictheachta infheictheachta an rabhcháin		Achar	Raon			
	Saintréithe		Téacs	Faisnéis faoi shaintréithe an rabhcháin						

Ábhar	Maoin	Fo-mhaoin	Cineál	Tuairisc	Nóta	Cruinneas	Sláine	Cineál tionscnaimh	Foil. Rún	Rún Cairte
Córas loingseoireachta speisialta				Stáisiúin a bhfuil baint acu le córais loingseoireachta speisialta (DECCA, LORAN, etc.)						
	Cineál		Téacs	An cineál seirbhíse atá ar fáil (máistirchomhartha, comhartha sclábhaí, dath)						
	Sainitheoir		Téacs	An cód a shanntar chun an córas loingseoireachta speisialta a shainaithint go huathúil						
	Ainm		Téacs	An t-ainm téacsúil atá sannta don chóras loingseoireachta speisialta						
	Minicíocht		Luach	Minicíocht (uimhir chainéil, bunráta bíge, ráta atarlaithe, de réir mar is infheidhme) an chórais loingseoireachta speisialta						
	Uaireanta na n-oibríochtaí		Sceideal	Uaireanta oibriúcháin an chórais loingseoireachta speisialta						
	Suíomh		Pointe	Suíomh geografach an chórais loingseoireachta speisialta		100 m	Fíor-riachtanach	Trí bhíthin suir-bhéireachta Trí bhíthin ríomha		
	Eintiteas oibriúcháin		Téacs	Ainm eintiteas oibriúcháin na saoráide						
	Cumhdach na saoráide		Téacs	Tuairisc ar chumhdach shaoráid an chórais loingseoireachta speisialta".						

IARSCRÍBHINN III

Leasaítear Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 mar a leanas:

(1) leasaítear Foscríbhinn 1 mar a leanas:

(a) i gCuid 2 — EN-ROUTE (ENR), roinn ENR 3. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad AERBHEALAÍ ATS:

"**ENR 3. AERBHEALAÍ ATS**

ENR 3.1 Na gnáthbhealaí loingseoireachta

Tuairisc mhionsonraithe ar na gnáthbhealaí loingseoireachta, lena n-áirítear:

1. sainitheoir bealaigh, ainmniú shonraíochtaí na feidhmíochta cumarsáide is gá (RCP), na sonraíochtaí feidhmíochta faireachais is gá (RSP) is infheidhme maidir le deighleoga sonraithe, ainmneacha, sainitheoirí códaithe nó cóid ainm agus comhordanáidí geografacha na bpointí suntasacha uile a shainíonn an bealach ina gcéimeanna, nóiméid agus soicindí, lena n-áirítear pointí tuairiscithe 'éigeantacha' nó 'arna n-iarraidh';

2. rianta nó gathacha VOR go dtí an chéim is gaire, achar geodasach go dtí an deichiú cuid de chiliméadar nó an deichiú cuid de mhuirmhíle is gaire idir na pointí suntasacha ainmnithe uile i ndiaidh a chéile agus, i gcás gathacha VOR, na pointí athraithe uile i ndiaidh a chéile;

3. uasteorainneacha agus íosteorainneacha nó airdí íosta faoi bhealach, go dtí an 50 m nó an 100 troigh is gaire atá níos airde, agus aicmiú aerspáis;

4. teorainneacha cliathánacha agus airdí glanta constaicí íosta;

5. treo na n-airdí cúrsála eitilte;

6. nótaí, lena n-áirítear léiriú ar an aonad rialaithe, a chainéal oibriúcháin agus, más infheidhme, a sheoladh logála isteach, uimhir SATVOICE, agus aon teorainn le sonraíochtaí loingseoireachta RCP agus RSP.

ENR 3.2 Na bealaí loingseoireachta limistéir

Tuairisc mhionsonraithe ar bhealaí PBN (RNAV agus RNP), lena n-áirítear:

1. sainitheoir bealaigh, ainmniú shonraíochtaí na feidhmíochta cumarsáide is gá (RCP), na sonraíochtaí loingseoireachta agus/nó na sonraíochtaí feidhmíochta faireachais is gá (RSP) is infheidhme maidir le deighleoga sonraithe, ainmneacha, sainitheoirí códaithe nó cóid ainm agus comhordanáidí geografacha na bpointí suntasacha uile a shainíonn an bealach ina gcéimeanna, nóiméid agus soicindí, lena n-áirítear pointí tuairiscithe 'éigeantacha' nó 'arna n-iarraidh';

2. maidir le treoirphointí lena sainítear bealach loingseoireachta limistéir, sa bhreis air sin de réir mar is infheidhme:

   (a) sainaitheantas stáisiúin de chuid na tagartha VOR/DME;

   (b) treo-uillinn go dtí an chéim is gaire agus an t-achar go dtí an deichiú cuid de chiliméadar nó an deichiú cuid de mhuirmhíle is gaire ón tagairt VOR/DME mura gcomhthiomsaítear an treoirphointe léi;

   (c) ingearchló na haeróige tarchuir DME go dtí an 30 m (100 troigh) is gaire;

3. treo-uillinn tagartha mhaighnéadach go dtí an chéim is gaire, achar geodasach go dtí an deichiú cuid de chiliméadar nó an deichiú cuid de mhuirmhíle is gaire idir pointí deiridh sainithe agus an t-achar idir na pointí suntasacha ainmnithe uile i ndiaidh a chéile;

4. uasteorainneacha agus íosteorainneacha agus aicmiú aerspáis;

5. treo na n-airdí cúrsála eitilte;

6. an ceanglas maidir le cruinneas le haghaidh na gcéimeanna aerbhealaigh PBN uile (RNAV nó RNP);

7. nótaí, lena n-áirítear léiriú ar an aonad rialaithe, a chainéal oibriúcháin agus, más infheidhme, a sheoladh logála isteach, uimhir SATVOICE, agus aon teorainn le sonraíochtaí loingseoireachta RCP agus RSP.

ENR 3.3 Bealaí eile

Is é an ceanglas atá ann tuairisc a thabhairt ar bhealaí eile arna n-ainmniú go sonrach atá éigeantach laistigh de limistéir shonraithe.

Tuairisc ar aerspás saorbhealaigh (FRA), mar aerspás sonraithe ar féidir le húsáideoirí bealaí díreacha idir pointe iontrála sainithe agus pointe imeachta sainithe a phleanáil laistigh de, lena n-áirítear faisnéis faoin ródú díreach, na srianta ar úsáid treoirphointí le haghaidh ródú díreach agus an tásc sa phlean eitilte (mír 15). Tabharfar tuairisc ar na réamhriachtanais chun imréitigh ATC a eisiúint.

ENR 3.4 Coinneáil faoi bhealach

Tá gá le tuairisc mhionsonraithe ar na nósanna imeachta um choinneáil faoi bhealach, ina mbeadh an méid seo a leanas:

1. sainaitheantas coinneála (más ann dó) agus suíomhchinntiú coinneála (áis loingseoireachta) nó treoirphointe le comhordanáidí geografacha ina gcéimeanna, nóiméid agus soicindí;

2. rian isteach;

3. treo an chasta maidir leis an nós imeachta;

4. aerluas léirithe uasta;

5. leibhéal coinneála íosta agus uasta;

6. am/achar amach;

7. léiriú ar an aonad rialaithe agus a chainéal oibriúcháin.";

(b) Cuid 3 — Leasaítear AERADRÓIM (AD) mar a leanas:

(i) roinn AD 1. AERADRÓIM/HÉILEAPOIRT — Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an RÉAMHRÁ:

"**AD 1. AERADRÓIM/HÉILEAPOIRT — RÉAMHRÁ**

AD 1.1 Infhaighteacht aeradróim/héileapoirt agus coinníollacha úsáide

AD 1.1.1 Coinníollacha ginearálta

Tuairisc ghairid ar an údarás inniúil atá freagrach as aeradróim agus héileapoirt, lena n-áirítear:

1. na coinníollacha ginearálta faoina mbíonn aeradróim/héileapoirt agus saoráidí gaolmhara ar fáil lena n-úsáid; agus

2. ráiteas maidir leis na forálacha ar a bhfuil na seirbhísí bunaithe agus tagairt do shuíomh an AIP (foilseachán faisnéise aerloingseoireachta) ina liostaítear difríochtaí le ICAO, más ann dóibh.

AD 1.1.2 Úsáid aerbhunáiteanna míleata

Rialacháin agus nósanna imeachta, más ann dóibh, a bhaineann le húsáid shibhialta aerbhunáiteanna míleata.

AD 1.1.3 Nósanna imeachta maidir le drochléargas (LVPanna)

Na coinníollacha ginearálta faoina gcuirtear na LVPanna is infheidhme maidir le hoibríochtaí drochléargais i bhfeidhm in aeradróim, más ann dóibh.

AD 1.1.4 Íosdálaí oibriúcháin aeradróim

Mionsonraí na n-íosdálaí oibriúcháin aeradróim a chuireann an Ballstát i bhfeidhm.

AD 1.1.5 Faisnéis eile

Faisnéis eile den chineál céanna, más infheidhme.

AD 1.2 Seirbhísí tarrthála agus comhraic dóiteáin (RFFSanna), measúnú agus tuairisciú ar riocht dhromchla an rúidbhealaigh, agus plean sneachta

AD 1.2.1 Seirbhísí tarrthála agus comhraic dóiteáin

Tuairisc ghairid ar na rialacha lena rialaítear bunú RFFSanna in aeradróim/héileapoirt atá ar fáil lena n-úsáid ag an bpobal chomh maith le léiriú ar na catagóirí tarrthála agus comhraic dóiteáin atá bunaithe ag Ballstát.

AD 1.2.2 Measúnú agus tuairisciú ar riocht dhromchla an rúidbhealaigh, agus plean sneachta

Tuairisc ar mheasúnú agus tuairisciú ar riocht dhromchla an rúidbhealaigh; agus breithnithe gearra a bhaineann le pleananna sneachta le haghaidh aeradróim/héileapoirt atá ar fáil lena n-úsáid ag an bpobal agus a bhfuil an dóchúlacht ann de ghnáth go dtarlódh dálaí sneachta iontu, lena n-áirítear:

1. eagrú an tuairiscithe ar riocht dhromchla an rúidbhealaigh agus an tseirbhís geimhridh;

2. faireachas ar limistéir gluaiseachtaí;

3. modhanna a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar riocht an dromchla; oibríochtaí ar rúidbhealaí arna sainullmhú le haghaidh an gheimhridh;

4. gníomhaíochtaí a dhéantar chun inúsáidteacht limistéar gluaiseachtaí a choinneáil ar bun;

5. córas agus modhanna tuairiscithe;

6. cásanna dúnta rúidbhealaigh;

7. dáileadh faisnéise faoi riocht dhromchla an rúidbhealaigh.

AD 1.3 Innéacs aeradróm/héileaport

Liosta, arna fhorlíonadh le léiriú grafach, d'aeradróim/de héileapoirt laistigh de Bhallstát, lena n-áirítear:

1. ainm aeradróim/héileapoirt agus táscaire suímh ICAO;

2. an cineál tráchta atá ceadaithe chun an t-aeradróm/an héileaport a úsáid (trácht idirnáisiúnta/náisiúnta, IFR/VFR, trácht sceidealaithe/neamhsceidealaithe, eitlíocht ghinearálta, mhíleata agus eile);

3. tagairt do AIP, foroinn Chuid 3 ina gcuirtear mionsonraí aeradróim/héileapoirt i láthair.

AD 1.4 Grúpáil aeradróm/héileaport

Tuairisc ghearr ar na critéir a chuir an Ballstát i bhfeidhm agus aeradróim/héileapoirt á ngrúpáil chun críoch táirgthe/dáilte/soláthair faisnéise.

AD 1.5 Stádas deimhniúcháin na n-aeradróm

Liosta aeradróm sa Bhallstát, lena léirítear an stádas deimhniúcháin, lena n-áirítear:

1. ainm aeradróim agus táscaire suímh ICAO;

2. dáta agus, más infheidhme, bailíocht an deimhnithe;

3. nótaí, más ann dóibh.";

(ii) roinn AD 2. Leasaítear AERADRÓIM mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe **** AD 2.7:

"****** AD 2.7 Measúnú agus tuairisciú ar riocht dhromchla an rúidbhealaigh, agus plean sneachta**

Faisnéis faoi mheasúnú agus tuairisciú ar riocht dhromchla an rúidbhealaigh.

Tuairisc mhionsonraithe ar an trealamh agus ar na tosaíochtaí oibríochtúla a bunaíodh chun limistéir ghluaiseachtaí aeradróm a imréiteach, lena n-áirítear:

1. cineálacha trealaimh imréitigh;

2. tosaíochtaí imréitigh;

3. ábhar a úsáid le haghaidh chóireáil dromchla an limistéir gluaiseachtaí;

4. rúidbhealaí arna sainullmhú le haghaidh an gheimhridh;

5. nótaí.";

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe **** AD 2.19:

"****** AD 2.19 Áiseanna radaloingseoireachta agus tuirlingthe**

Tuairisc mhionsonraithe ar áiseanna radaloingseoireachta agus tuirlingthe a bhaineann leis an ascnamh uirlisí agus le nósanna imeachta limistéar an chríochfoirt ag an aeradróm, lena n-áirítear:

1. (a) cineál áiseanna;

   (b) comhathrú maighnéadach go dtí an chéim is gaire, de réir mar is iomchuí;

   (c) an cineál oibríochta dá dtugtar tacaíocht i gcomhair ILS/MLS/GLS (córas tuirlingthe le hionstraimí/córas tuirlingthe micreathoinne/córas tuirlingthe GNSS), GNSS bunúsach agus SBAS (córas méadúcháin bunaithe ar shatailítí);

   (d) aicmiú i gcomhair ILS;

   (e) aicmiú saoráidí agus ainmneacha na saoráidí ascnaimh i gcomhair GBAS;

   (f) i gcás VOR/ILS/MLS, an diallas stáisiúin go dtí an chéim is gaire, freisin, a úsáidtear le haghaidh ailíniú teicniúil na háise;

2. sainaitheantas, más gá;

3. minicíochtaí, uimhreacha cainéil, soláthraí seirbhíse agus aitheantóirí na conaire tagartha (RPInna), de réir mar is iomchuí;

4. uaireanta oibriúcháin, de réir mar is iomchuí;

5. comhordanáidí geografacha shuíomh na haeróige tarchuir, iad ina gcéimeanna, nóiméid, soicindí agus deichithe de shoicind, de réir mar is iomchuí;

6. ingearchló na haeróige tarchuir DME go dtí an 30 m (100 troigh) is gaire agus an trealaimh beacht-thomhais achair, (DME/P) go dtí an 3 m (10 dtroithe) is gaire, ingearchló an phointe tagartha GBAS go dtí an méadar nó an troigh is gaire agus airde éilipsóideach an phointe go dtí an méadar nó an troigh is gaire; i gcás SBAS, airde éilipsóideach an phointe tairsí tuirlingthe (LTP) nó an phointe tairsí shamhailtigh (FTP) go dtí an méadar nó an troigh is gaire;

7. ga achar na seirbhíse ón bpointe tagartha GBAS go dtí an ciliméadar nó an muirmhíle is gaire;

8. nótaí.

   I gcás ina n-úsáidtear an áis chéanna chun críoch faoi bhealach agus aeradróim araon, tabharfar tuairisc freisin i roinn ENR 4. Má fhreastalaíonn an córas méadúcháin ar an talamh (GBAS) ar níos mó ná aeradróm amháin, soláthrófar tuairisc ar an áis le haghaidh gach aeradróim. Más údarás eile seachas an t-údarás ainmnithe údarás oibríochta na saoráide, cuirfear ainm an údaráis oibríochta in iúl i gcolún na nótaí. Léireofar cumhdach na saoráide i gcolún na nótaí.";

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe **** AD 2.22:

"****** AD 2.22 Nósanna imeachta eitilte**

Tuairisc mhionsonraithe ar na coinníollacha agus ar na nósanna imeachta eitilte, lena n-áirítear nósanna imeachta radair agus/nó nósanna imeachta ADS-B, a bunaíodh ar bhonn na heagraíochta aerspáis ag an aeradróm. Nuair a bheidh sé bunaithe, tuairisc mhionsonraithe ar an LVP ag an aeradróm, lena n-áirítear:

1. rúidbhealaí agus trealamh gaolmhar atá údaraithe lena n-úsáid i gcás ina bhfuil LVPanna i bhfeidhm, lena n-áirítear a n-úsáid i gcás oibríochtaí a bhfuil creidmheasanna oibríochta acu le RVR níos lú ná 550 m, más infheidhme;

2. na dálaí meitéareolaíocha sainithe faoina ndéanfaí LVP a thionscnamh, a úsáid agus a fhoirceannadh;

3. tuairisc ar an marcáil/soilsiú talún le húsáid le linn LVP;

4. nótaí.";

— cuirtear an pointe AD 2.25 seo a leanas isteach:

"****** AD 2.25 Treá dhromchla na deighleoige amhairc (VSS)**

Treá dhromchla na deighleoige amhairc (VSS), lena n-áirítear na nósanna imeachta agus na híosdálaí nós imeachta a ndéantar difear dóibh.";

(iii) i Roinn AD 3. HÉILEAPOIRT, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe AD 3.18:

"****** AD 3.18 Áiseanna radaloingseoireachta agus tuirlingthe**

Tuairisc mhionsonraithe ar áiseanna radaloingseoireachta agus tuirlingthe a bhaineann leis an ascnamh uirlisí agus le nósanna imeachta limistéar an chríochfoirt ag an héileaport, lena n-áirítear:

1. (a) cineál áiseanna;

   (b) comhathrú maighnéadach go dtí an chéim is gaire, de réir mar is iomchuí;

   (c) an cineál oibríochta dá dtugtar tacaíocht i gcomhair ILS/MLS/GLS, GNSS bunúsach agus SBAS;

   (d) aicmiú i gcomhair ILS;

   (e) aicmiú saoráidí agus ainmneacha na saoráidí ascnaimh i gcomhair GBAS;

   (f) i gcás VOR/ILS/MLS, an diallas stáisiúin go dtí an chéim is gaire, freisin, a úsáidtear le haghaidh ailíniú teicniúil na háise;

2. sainaitheantas, más gá;

3. minicíochtaí, uimhreacha cainéil, soláthraí seirbhíse agus aitheantóirí na conaire tagartha (RPInna), de réir mar is iomchuí;

4. uaireanta oibriúcháin, de réir mar is iomchuí;

5. comhordanáidí geografacha shuíomh na haeróige tarchuir, iad ina gcéimeanna, nóiméid, soicindí agus deichithe de shoicind, de réir mar is iomchuí;

6. ingearchló na haeróige tarchuir DME go dtí an 30 m (100 troigh) is gaire agus an trealaimh beacht-thomhais achair, (DME/P) go dtí an 3 m (10 dtroithe) is gaire, ingearchló an phointe tagartha GBAS go dtí an méadar nó an troigh is gaire agus airde éilipsóideach an phointe go dtí an méadar nó an troigh is gaire; i gcás SBAS, airde éilipsóideach an phointe tairsí tuirlingthe (LTP) nó an phointe tairsí shamhailtigh (FTP) go dtí an méadar nó an troigh is gaire;

7. ga achar na seirbhíse ón bpointe tagartha GBAS go dtí an ciliméadar nó an muirmhíle is gaire;

8. nótaí.

I gcás ina n-úsáidtear an áis chéanna chun críoch faoi bhealach agus héileapoirt araon, tabharfar tuairisc freisin i roinn ENR 4. Má fhreastalaíonn an GBAS ar níos mó ná héileaport amháin, soláthrófar tuairisc ar an áis le haghaidh gach héileapoirt. Más údarás eile seachas an t-údarás ainmnithe údarás oibríochta na saoráide, cuirfear ainm an údaráis oibríochta in iúl i gcolún na nótaí. Léireofar cumhdach na saoráide i gcolún na nótaí.";

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Fhoscríbhinn 3:

"Foscríbhinn 3

Formáid SNOWTAM

(Ceannteideal COM)	(TÁSCAIRE TOSAÍOCHTA)	(SEOLTAÍ)		<=
	(DÁTA AGUS AM AN CHOMHDAITHE)	(TÁSCAIRE AN TIONSCNÓRA)		<=
(Ceannteideal giorraithe)	(SRAITHUIMHIR SWAA*) S W * *	(TÁSCAIRE SUÍMH)	DÁTA/AM AN MHEASÚNAITHE	(GRÚPA ROGHNACH) <=(
SNOWTAM →	(Sraithuimhir) <=			

An roinn a bhaineann le feidhmíocht an eitleáin a ríomh			
(TÁSCAIRE SUÍMH AN AERADRÓIM)	É	A)	<=
(DÁTA/AM AN MHEASÚNAITHE *(An tráth a cuireadh an measúnú i gcrích in AUL)*)	É	B)	→
(UIMHIR SHAINAITHEANTAIS AN RÚIDBHEALAIGH ÍOCHTARAIGH)	É	C)	→
(CÓD MAIDIR LE STAID AN RÚIDBHEALAIGH (RWYCC) AR GACH TRÍÚ CUID DEN RÚIDBHEALACH) (Ó Mhaitrís an Mheasúnaithe ar Staid an Rúidbhealaigh (RCAM) 0, 1, 2, 3, 4, 5 nó 6)	É	D)	/ / →
(CÉATADÁN CUMHDAIGH ÉILLEÁN I gCÁS GACH TRÍÚ CUID DEN RÚIDBHEALACH)	C	E)	/ / →
(DOIMHNEACHT (mm) ÉILLEÁN SCAOILTE I gCÁS GACH TRÍÚ CUID DEN RÚIDBHEALACH)	C	F)	/ / →
(TUAIRISC AR STAID THAR FHAD IOMLÁN AN RÚIDBHEALAIGH (Arna breathnú ar gach tríú cuid den rúidbhealach, ag tosú ón tairseach a bhfuil an uimhir sainaitheantais rúidbhealaigh is ísle aici) SNEACHTA DLÚTHAITHE É TRIOMAITHE SNEACHTA TIRIM SNEACHTA TIRIM AR BHARR SNEACHTA DHLÚTHAITHE SNEACHTA TIRIM AR BHARR OIGHIR SIOC OIGHEAR FLIUCHÁN SLEAMHAIN PRAISEACH SNEACHTA RÚIDBHEALACH ARNA SHAINULLMHÚ LE hAGHAIDH AN GHEIMHRIDH UISCE BODHAR UISCE AR BHARR SNEACHTA DHLÚTHAITHE FLIUCHÁN OIGHEAR FLIUCH SNEACHTA FLIUCH SNEACHTA FLIUCH AR BHARR SNEACHTA DHLÚTHAITHE SNEACHTA FLIUCH AR BHARR OIGHIR	É	G)	/ / →
(LEITHEAD AN RÚIDBHEALAIGH LENA mBAINEANN NA CÓID MAIDIR LE STAID AN RÚIDBHEALAIGH, MÁS LÚ NÁ AN LEITHEAD A FOILSÍODH)	R	H)	<==
Roinn um fheasacht staide			
(FAD AN RÚIDBHEALAIGH LAGHDAITHE, MÁS LÚ É NÁ AN FAD A FOILSÍODH (m))	R	I)	→
(SÉIDEÁN SNEACHTA AR AN RÚIDBHEALACH)	R	J)	→
(GAINEAMH SCAOILTE AR AN RÚIDBHEALACH)	R	K)	→
(CÓIREÁIL CHEIMICEACH AR RÚIDBHEALACH)	R	L)	→
(BAINC SNEACHTA AR AN RÚIDBHEALACH (Más ann dóibh, an fad ó lárlíne an rúidbhealaigh (m) agus 'L', 'R' nó 'LR' ina dhiaidh sin, de réir mar is infheidhme))	R	M)	→
(BAINC SNEACHTA AR AN mBEALACH INNLITHE)	R	N)	→
(BAINC SNEACHTA IN AICE LEIS AN RÚIDBHEALACH)	R	O)	→
(STAID AN BHEALAIGH INNLITHE)	R	P)	→
(STAIDEANNA NAPRUÍN)	R	R)	→
(COMHÉIFEACHT FRITHCHUIMILTE THOMHAISTE)	R	S)	→
(BARÚLACHA I dTEANGA SHOILÉIR)	R	T)	) <<=

NÓTAÍ:
1. *Cuirtear isteach litreacha náisiúntachta ICAO mar a thugtar i nDoic. ICAO 7910, Cuid 2, nó in aitheantóir aeradróim is infheidhme ar bhealach eile.
2. Faisnéis faoi rúidbhealaí eile, déantar athlua ó B go H.
3. Faisnéis sa roinn um fheasacht staide, déantar í a athlua i gcás gach rúidbhealaigh, bealaigh innlithe agus naprúin. Déantar a athlua de réir mar is infheidhme, nuair a thuairiscítear iad.
4. Níl focail idir lúibíní ( ) le tarchur.
5. I gcás na litreacha A) go T), féachtar *Treoracha chun formáid SNOWTAM a chomhlánú, alt 1, mír b).*

SÍNIÚ AN TIONSCNÓRA (níl sé le tarchur)

TREORACHA MAIDIR LE FORMÁID SNOWTAM A CHOMHLÁNÚ

1. **Faisnéis ghinearálta**

(a) Nuair a bhíonn tuairisciú á dhéanamh ar níos mó ná rúidbhealach amháin, déantar Míreanna B go H a athlua (an roinn a bhaineann le feidhmíocht an eitleáin a ríomh).

(b) Is chun críche tagartha amháin a úsáidtear na litreacha a úsáidtear chun míreanna a chur in iúl agus ní áireofar iad sna teachtaireachtaí. Leis na litreacha É (éigeantach), C (coinníollach) agus R (roghnach), léirítear an úsáid agus an fhaisnéis agus tabharfar iad mar a mhínítear thíos.

(c) Úsáidfear aonaid mhéadracha agus ní thuairisceofar an t-aonad tomhais.

(d) Is é uastréimhse bailíochta SNOWTAM 8 n-uair an chloig. Eiseofar SNOWTAM nua aon uair a fhaightear tuairisc nua ar staid an rúidbhealaigh.

(e) Le SNOWTAM cealaítear an SNOWTAM a bhí ann roimhe sin.

(f) Tugtar an ceannteideal giorraithe 'TTAAiiii CCCC MMYYGGgg (BBB)' chun próiseáil uathoibríoch teachtaireachtaí SNOWTAM i mbainc sonraí ríomhaireachta a éascú. Is é an míniú ar na siombailí seo:

TT = táscaire sonraí le haghaidh SNOWTAM = SW;

AA = táscaire geografach le haghaidh na mBallstát, e.g. LF = AN FHRAINC;

iiii = sraithuimhir SNOWTAM i ngrúpa ceithre dhigit;

CCCC = táscaire suímh ceithre litir an aeradróim dá dtagraíonn an SNOWTAM;

MMYYGGgg = dáta nó tráth na breathnóireachta nó an tomhais, sa chaoi:

MM = mí, e.g. Eanáir = 01, Nollaig = 12;

YY = lá na míosa;

GGgg = am ina uaireanta (GG) agus ina nóiméid (gg) AUL;

(BBB) = grúpa roghnach le haghaidh:

Ceartú, i gcás earráide, ar theachtaireacht SNOWTAM a scaipeadh roimhe sin leis an tsraithuimhir chéanna = COR. *Úsáidfear lúibíní in (BBB) le léiriú go bhfuil an grúpa seo roghnach. Nuair a thuairiscítear níos mó ná rúidbhealach amháin agus nuair a léirítear dátaí/trátha aonair breathnóireachta/measúnaithe trí Mhír B a athlua, cuirfear isteach dáta/tráth na breathnóireachta/an mheasúnaithe is déanaí sa cheannteideal giorraithe (MMYYGGgg).*

(g) Beidh spás idir an téacs 'SNOWTAM' san fhormáid SNOWTAM agus an tsraithuimhir SNOWTAM i ngrúpa ceithre dhigit, e.g. SNOWTAM 0124.

(h) Ar mhaithe le hinléiteacht na teachtaireachta SNOWTAM, cuirfear fotha líne tar éis na sraithuimhreach SNOWTAM, i ndiaidh Mhír A, agus tar éis na roinne a bhaineann le feidhmíocht eitleáin a ríomh.

(i) Nuair a bhíonn tuairisciú á dhéanamh ar níos mó ná rúidbhealach amháin, an fhaisnéis sa roinn a bhaineann le feidhmíocht an eitleáin a ríomh, déantar í a athlua ó dháta agus ó thráth an mheasúnaithe i gcás gach rúidbhealaigh roimh an bhfaisnéis sa roinn maidir le feasacht staide.

(j) Is é seo a leanas an fhaisnéis éigeantach:

(1) TÁSCAIRE SUÍMH AN AERADRÓIM;

(2) DÁTA AGUS TRÁTH AN MHEASÚNAITHE;

(3) UIMHIR SAINITHEORA AN RÚIDBHEALAIGH ÍOCHTARAIGH;

(4) CÓD MAIDIR LE STAID AN RÚIDBHEALAIGH LE hAGHAIDH GACH TRÍÚ CUID DEN RÚIDBHEALACH; agus

(5) TUAIRISC AR STAID MAIDIR LE GACH TRÍÚ CUID DEN RÚIDBHEALACH (nuair a thuairiscítear cód maidir le staid an rúidbhealaigh (RWYCC) ó 0-6).

2. **An roinn a bhaineann le feidhmíocht an eitleáin a ríomh**

Mír A — Táscaire suímh an aeradróim (táscaire suímh ceithre litir).

Mír B — Dáta agus tráth an mheasúnaithe (grúpa dáta/trátha ocht bhfigiúr lena dtugtar tráth breathnóireachta mar mhí, lá, uair agus nóiméad in AUL).

Mír C — Uimhir sainitheora an rúidbhealaigh íochtaraigh (nn[L] nó nn[C] nó nn[R]).

Ní chuirfear isteach ach sainitheoir rúidbhealaigh amháin i gcás gach rúidbhealaigh agus is í an uimhir is ísle i gcónaí a bheidh ann.

Mír D — Cód maidir le staid an rúidbhealaigh i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach. Ní chuirtear isteach ach digit amháin (0, 1, 2, 3, 4, 5 nó 6) i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach, iad dealaithe le claonstríoc (n/n/n).

Mír E — Céatadán clúdaigh i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach. Nuair a dhéantar an méid sin a chur ar fáil, cuirtear isteach 25, 50, 75 nó 100 i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach, iad dealaithe le claonstríoc ([n]nn/[n]nn/[n]nn).

Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin i gcás ina bhfuil tuairisc ar staid an rúidbhealaigh i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach (Mír G) inar tuairiscíodh staid seachas 'TIRIM'.

I gcás nach dtuairiscítear an staid, léireofar sin trí 'NR' a chur isteach le haghaidh na dtríú codanna iomchuí den rúidbhealach.

Mír F — Doimhneacht éilleán scaoilte i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach. Nuair a dhéantar é a chur ar fáil, cuirtear isteach é ina mhilliméadair i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach, iad dealaithe le claonstríoc (nn/nn/nn nó nnn/nnn/nnn).

Ní chuirfear an fhaisnéis sin ar fáil ach amháin i gcás na gcineálacha éilleáin seo a leanas:

— *uisce bodhar, luachanna lena dtuairisciú 04, agus a luach measúnaithe ansin. Athruithe suntasacha 3 mm;*

— *praiseach sneachta, luachanna lena tuairisciú 03, agus a luach measúnaithe ansin. Athruithe suntasacha 3 mm;*

— *sneachta fliuch, luachanna lena dtuairisciú 03, agus a luach measúnaithe ansin. Athruithe suntasacha 5 mm; agus*

— *sneachta tirim, luachanna lena dtuairisciú 03, agus a luach measúnaithe ansin. Athruithe suntasacha 20 mm.*

I gcás nach dtuairiscítear an staid, léireofar sin trí 'NR' a chur isteach le haghaidh na dtríú codanna iomchuí den rúidbhealach.

Mír G — Tuairisc ar staid maidir le gach tríú cuid den rúidbhealach. Cuirfear isteach aon cheann de na tuairiscí seo a leanas ar staid i gcás gach tríú cuid den rúidbhealach, iad dealaithe le claonstríoc.

COMPACTED SNOW (SNEACHTA DLÚTHAITHE)

DRY SNOW (SNEACHTA TIRIM)

DRY SNOW ON TOP OF COMPACTED SNOW (SNEACHTA TIRIM AR BHARR SNEACHTA DHLÚTHAITHE)

DRY SNOW ON TOP OF ICE (SNEACHTA TIRIM AR BHARR OIGHIR)

FROST (SIOC)

ICE (OIGHEAR)

SLIPPERY WET (FLIUCHÁN SLEAMHAIN)

SLUSH (PRAISEACH SNEACHTA)

SPECIALLY PREPARED WINTER RUNWAY (RÚIDBHEALACH ARNA SHAINULLMHÚ LE hAGHAIDH AN GHEIMHRIDH)

STANDING WATER (UISCE BODHAR)

WATER ON TOP OF COMPACTED SNOW (UISCE AR BHARR SNEACHTA DHLÚTHAITHE)

WET (FLIUCHÁN)

WET ICE (OIGHEAR FLIUCH)

WET SNOW (SNEACHTA FLIUCH)

WET SNOW ON TOP OF COMPACTED SNOW (SNEACHTA FLIUCH AR BHARR SNEACHTA DHLÚTHAITHE)

WET SNOW ON TOP OF ICE (SNEACHTA FLIUCH AR BHARR OIGHIR)

DRY (É TRIOMAITHE) (ní dhéantar é a thuairisciú ach amháin nuair nach bhfuil aon éilleán ann)

I gcás nach dtuairiscítear an staid, léireofar sin trí 'NR' a chur isteach le haghaidh na dtríú codanna iomchuí den rúidbhealach.

Mír H – Leithead an rúidbhealaigh lena mbaineann na cóid maidir le staid an rúidbhealaigh. Cuirfear isteach an leithead ina mhéadair, más lú é ná leithead an rúidbhealaigh a foilsíodh.

3. **Roinn um fheasacht staide**

Le lánstad a chuirfear deireadh leis na heilimintí sa roinn um fheasacht staide.

Eilimintí sa roinn um fheasacht staide nach bhfuil aon fhaisnéis ann ina leith, nó nach gcomhlíontar na coinníollacha staide lena bhfoilsiú, fágfar amach ina n-iomláine iad.

Mír I — Fad an rúidbhealaigh laghdaithe. Cuirfear isteach an sainitheoir rúidbhealaigh is infheidhme agus an fad atá ar fáil ina mhéadair (e.g. RWY nn [L] *nó* nn [C] *nó* nn [R] ARNA LAGHDÚ GO [n]nnn).

Tá an t-eolas seo coinníollach i gcás ina bhfoilsítear NOTAM maille le sraith nua achar dearbhaithe.

Mír J — Séideán sneachta ar an rúidbhealach. Nuair a thuairisceofar é, cuirfear isteach 'SÉIDEÁN SNEACHTA' agus, tar éis spás a fhágáil, 'DRIFTING SNOW' (RWY nn *nó* RWY nn[L] *nó* nn[C] *nó* nn[R] DRIFTING SNOW).

Mír K — Gaineamh scaoilte ar an rúidbhealach. Nuair a thuairiscítear gaineamh scaoilte ar an rúidbhealach, cuirfear isteach sainitheoir an rúidbhealaigh íochtaraigh agus, tar éis spás a fhágáil, 'LOOSE SAND' (RWY nn *nó* RWY nn[L] *nó* nn[C] *nó* nn[R] LOOSE SAND).

Mír L — Cóireáil cheimiceach ar an rúidbhealach. I gcás ina dtuairiscítear cóireáil cheimiceach a bheith leata, cuirfear isteach sainitheoir an rúidbhealaigh íochtair agus, tar éis spás a fhágáil, 'CHEMICALLY TREATED' (RWY nn nó RWY nn [L] nó nn[C] nó nn[R] CHEMICALLY TREATED).

Mír M — Bainc sneachta ar an rúidbhealach. Nuair a thuairiscítear bainc sneachta a bheith ar an rúidbhealach, cuirfear isteach sainitheoir an rúidbhealaigh íochtaraigh in éineacht le spás 'SNOWBANK' agus in éineacht le spás 'L' (ar chlé) nó in éineacht le spás 'R' (ar dheis) nó 'LR' (an dá thaobh), agus ina ndiaidh sin an t-achar ina mhéadair ón lárlíne dealaithe le spás 'FM CL' (RWY nn *nó* RWY nn[L] *nó* nn[C] *nó* nn[R] SNOWBANK Lnn *nó* Rnn *nó* LRnn FM CL).

Mír N — Bainc sneachta ar an mbealach innlithe. Nuair a bhíonn bainc sneachta ar na bealaí innlithe, cuirfear sainitheoirí na mbealaí innlithe isteach agus, tar éis spás a fhágáil, 'SNOWBANKS' (TWY [nn]n *nó* TWYS [nn]n/[nn]n/[nn]n... *nó* ALL TWYS SNOWBANKS).

Mír O — Bainc sneachta in aice leis an rúidbhealach. Nuair a thuairiscítear bainc sneachta a théann isteach i bpróifíl airde phlean sneachta an aeradróim, cuirfear sainitheoir an rúidbhealaigh íochtaraigh isteach agus 'ADJ SNOWBANKS' (RWY nn *nó* RWY nn[L] *nó* nn[C] *nó* nn[R] ADJ SNOWBANKS).

Mír P — Staid an bhealaigh innlithe. Nuair a thuairiscítear gur sleamhain nó gur olc í staid an bhealaigh innlithe, cuirfear isteach sainitheoir an rúidbhealaigh agus, tar éis spás a fhágáil, 'POOR' (TWY [n *nó* nn] POOR *nó* TWYS [n *nó* nn]/[n *nó* nn]/[n *nó* nn] POOR… *nó* ALL TWYS POOR).

Mír R — Staid an naprúin. Nuair a thuairiscítear gur sleamhain nó gur olc í staid an naprúin, cuirfear isteach sainitheoir an naprúin agus, tar éis spás a fhágáil, 'POOR' (APRON [nnnn] POOR *nó* APRONS [nnnn]/[nnnn]/[nnnn] POOR *nó* ALL APRONS POOR).

Mír S — (NR) Ní thuairiscítear.

Mír T — Barúlacha i dteanga shoiléir.".